2012

CLÁR TOIRCHEAS GÉARCHÉIME FSS

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive

crisispregnancyprogramme

Clár Toircheas Géarchéime FSS
Mapa na Seirbhísí Comhairleoireachta

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive

crisispregnancyprogramme

Clár na nÁbhar

Réamhrá an Stiúrthóra Chúnta Náisiúnta, an Oifig Náisiúnta um Chosaint Sláinte, An Dr Kevin Kelleher 4

Ról an Chláir 6

Struchtúr Chlár Toircheas Géarchéime FSS 9

Cuspóirí Straitéiseacha 11

Cuspóir Straitéiseach 1
Feabhsuithe ar oideachas sláinte gnéasaí, ar fhaisnéis agus ar eolas ar feadh an tsaoil 13

Cuspóir Straitéiseach 2
Frithghiniúint agus seirbhísí frithghiniúna 17

Cuspóir Straitéiseach 3
Seirbhísí toirchis ghéarchéime 21

Cuspóir Straitéiseach 4
Comhoibriú straitéiseach agus tionchar ar bheartais 26

Cuspóir Straitéiseach 5
Aistriú eolais agus taighde 29

Ag Tacú le Cuspóirí Straitéiseacha Chlár Toircheas Géarchéime FSS 33

Aguisíní 36

Réamhrá

An Stiúrthóir Cúnta Náisiúnta, an Oifig Náisiúnta um Chosaint Sláinte

Cuireann an Clár Toircheas Géarchéime (an Clár), a bunaíodh in 2001 le haghaidh a thabhairt ar cheist na dtoircheas géarchéime in Éirinn, fáilte roimh an laghdú in 2012 ar líon na mbreitheanna ag déagóirí agus ar líon na mban atá ag dul go dtí an Ríocht Aontaithe le seirbhísí ginmhillte a fháil. Tá na figiúirí seo ag laghdú le tamall anuas.

Tá an ráta breithe ag déagóirí laghdaithe ó 20 in aghaidh an mhíle go dtí 12 in aghaidh an mhíle le bliain déag anuas. Is laghdú suntasach é. De réir an taighde atá déanta in Éirinn, tá nasc ag an laghdú leis an bhfeabhas atá tagtha ar chaidrimh agus ar an oideachas gnéasachta atá ar fáil i scoileanna, i suíomhanna obair óige agus ag tuismitheoirí. Bíonn an Clár ag obair go dlúth leis an Seirbhís Tacaíochta um Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS), le heagraíochtaí éagsúla óige agus leis na Comhairlí Náisiúnta Tuismitheoirí – Bunscolaíocht agus Iar-Bhunscolaíocht, chun tacaíocht a thabhairt do sheachadadh Oideachas maith Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) do dhaoine óga, go háirithe do na daoine óga sin ar mó an baol go ndéanfaidh siad gnéas agus iad óg agus go mbeidh toircheas géarchéime acu, mar shampla daoine óga as ceantair dhíothacha, daoine óga a fhágann an scoil go luath agus daoine óga atá faoi chúram an Stáit.

Tá laghdú tagtha den aonú bliain déag as a chéile, ó 6,673 in 2001 go 3,982 in 2012, ar líon na mban atá ag tabhairt aghaidhe ar an Ríocht Aontaithe (RA) le seirbhísí ginmhillte a fháil. Is ionann é sin agus laghdú 40% ó bhí 2001 ann agus laghdú ó 7.5 in aghaidh an mhíle bean go 4.0 in aghaidh an mhíle bean idir 15 bliana agus 44 bliain d'aois idir 2001 agus 2012. Soláthraítear seirbhísí toirchis ghéarchéime le maoiniú an Stáit do mhná atá ag plé le toircheas géarchéime agus dá bpáirtithe agus dá dteaghlaigh le spás agus am a thabhairt dóibh machnamh a dhéanamh ar na roghanna atá ar fáil dóibh agus an cinneadh is fearr agus is féidir a dhéanamh ag an am áirithe sin ina saol. Cuirtear na seirbhísí seo chun cinn tríd an gClár, an feachtas Positive Options go sonrach.

Sa ráithe dheireanach in 2012, tháinig méadú 30% ar líon na gcliant a tuairiscíodh a lorg seirbhísí comhairleoireachta iar-ghinmhillte le hais na ráithe roimhe sin. D'fhreastail níos mó ná 400 bean ar Sheirbhísí maoinithe ag an gClár. Is féidir le mná seirbhísí comhairleoireachta iar-ghinmhillte a fháil saor in aisce sa chás ina raibh ginmhilleadh acu le deireanas nó ina raibh ginmhilleadh acu tamall maith de bhlianta

ó shin. Cuireann an Clár na seirbhísí seo chun cinn tríd an bhfeachtas 'Abortion Aftercare'.

Chuir an Clár plean suntasach gnó i bhfeidhm in 2012. D'obair an fhoireann a bhíonn ag plé leis an bhfeidhm Oideachais agus Faisnéise go dlúth le hAontas Cógaisíochta na hÉireann, le Cumann Cógaiseoirí na hÉireann agus le sraitheanna móra cógaslann ar fheachtas nua le hinfhaighteacht frithghiniúintí go díreach ó chógaiseoirí i gcás éigeandála, agus le ról cógaiseoirí pobail maidir le comhairle a chur ar fáil faoi shláinte ghnéasach a chur chun cinn. Rinneadh taighde i ndiaidh na dtionscnamh seo i mí na Nollag 2012 agus fuarthas amach go bhfuil a fhios ag 73% de mhná go dtig leo frithghiniúintí éigeandála a fháil trí sheisiún comhairliúcháin le cógaiseoir, agus thug 70% le fios go mbeadh siad compordach a dhéanamh amhlaidh.

Maidir leis an bhfeidhm Taighde agus Beartais, foilsíodh 'The Irish Contraception and Crisis Pregnancy Study' (ICCP-2010) agus tuarascáil dar teideal 'Non-national Women's Attitudes towards Fertility, Motherhood and Sexual Health Services in Ireland' in 2012. Is tuarascáil leantach í ICCP-2010 ar an mbunstaidéar a coimisiúnaíodh sa bhliain 2003. Rianaítear inti treochtaí agus athruithe maidir le húsáid frithghiniúintí agus maidir le heispéiris ar thoirchis ghéarchéime in Éirinn. Fuarthas amach go mbaineann 80% den mhuintir óga úsáid as frithghiniúintí go leanúnach, gach uair a ndéanann siad gnéas. Is toradh tábhachtach é sin ag an gClár i bhfianaise na hoibre suntasaí atá déanta le húsáid cheart, leanúnach frithghiniúintí a chur chun cinn i measc daoine óga tríd an bhfeachtas 'Think Contraception' agus trí oideachas caidrimh agus gnéasachta a chur ar dhaoine óga. Dhírigh an tuarascáil faoi dhearcthaí neamhnáisiúnach ban i leith na torthúlachta, an mháithreachais agus seirbhísí sláinte gnéasaí ar cheithre phobal d'inimircigh – Sínigh, Nigéaraigh, Polannaigh agus Moslamaigh. Seoladh an tuarascáil seo le linn na Seachtaine Feasachta ar Shláinte Ghnéasach i mí na Bealtaine agus tá obair idir lámha faoi láthair leis na torthaí a chraobhscaoileadh.

Leanadh ar aghaidh leis an tacaíocht do réimse tionscadal faoin bhfeidhm Maoinithe chun cáilíocht na comhairleoireachta um thoirchis ghéarchéime a fheabhsú i seirbhísí a fhaigheann maoiniú ón Stát. In 2012, chríochnaigh 17 nduine, idir oibrithe foirne FSS agus comhairleoirí sláinte gnéasaí, cúrsa bliana i scileanna comhairleoireachta toirchis ghéarchéime. Is é aidhm an chúrsa seo tacaíocht a thabhairt do dhaoine a bhíonn ag obair leo siúd atá ag plé le toircheas géarchéime a scileanna comhairleoireachta agus tacaíochta a fheabhsú sa réimse sainiúil comhairleoireachta seo. Rinneadh measúnú seachtrach ar an gcúrsa in 2012 agus fuarthas amach go raibh 91% de na rannpháirtithe i mbun comhairleoireachta toirchis ghéarchéime ina róil reatha agus gur shíl na rannpháirtithe go raibh curaclam an chúrsa daingean, ábhartha, fóirsteanach. Cuireadh Máistir-Ranganna ar fáil do ghairmigh a bhíonn ag obair sa réimse seo fosta in 2012. Clúdaíodh topaicí mar 'Ginmhilleadh – ag freagairt do shaincheist chasta'; 'Ról an athar i dtoircheas neamhphleanáilte – cá bhfuil sé?'; 'Toirchis ag daoine mionaoiseacha agus toirchis neamhphleanáilte – an dlí agus cosaint páistí' agus 'Imircigh óga agus mná de mhionlaigh eitneacha in Éirinn – leas gnéasach agus toircheas neamhphleanáilte'.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an nGrúpa Comhairleach don Chlár a bhfuil an Dr Anne Marie McGauran ina cathaoirleach air. Thug an Grúpa tacaíocht agus treoir luachmhar d'fhoireann an Chláir in 2012.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le foireann agus le bainisteoirí an Chláir a raibh Sarah Ryan i gceannas orthu. Chuir siad plean uaillmhianach gnó i bhfeidhm in 2012 agus d'obair siad go díograiseach, dúthrachtach ar bhonn leanúnach.

An Dr Kevin Kelleher
Stiúrthóir Cúnta Náisiúnta

Ról Chlár Toircheas Géarchéime FSS

Bunaíodh Clár Toircheas Géarchéime FSS (an Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime roimhe sin) i mí Dheireadh Fómhair 2001 faoin Acht Sláinte (Comhlachtaí Corpraithe), 1961, agus rialaíodh é faoi Ordú na Gníomhaireachta um Thoirchis Ghéarchéime (Bunú) 2001 (I.R. Uimh. 446 de 2001), arna leasú le hOrdú na Gníomhaireachta um Thoirchis Ghéarchéime (Bunú) 2001 (Leasú) 2007 (I.R. Uimh. 175 de 2007). I mí Eanáir 2010, aistríodh an iar-ghníomhaireacht go dtí Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) faoin Acht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009 a fhorálann, i measc nithe eile, d'fheidhmeanna tábhachtacha a bhíodh dílsithe don Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime a bheith dílsithe go dlíthiúil do FSS.

Is é príomhfheidhm Chlár Toircheas Géarchéime FSS (an Clár), de réir mar atá leagtha amach san Ionstraim Reachtúil, agus atá dílsithe d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte de réir mar a bhforálaítear dó san Acht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009, ná Straitéis a ullmhú agus a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic le ceist na dtoircheas géarchéime, i gcomhairle leis na Ranna cuí Stáit agus le daoine eile a mheasfar a bheith fóirsteanach.

Is é cuspóir an Chláir díriú go straitéiseach ar cheist na dtoircheas géarchéime agus, mar sin, tuilleadh luacha a chur le hobair soláthróirí na seirbhísí atá ann cheana féin. Forbraíodh tríú straitéis an Chláir – Rannpháirtíocht i gCur Chuige Náisiúnta ina gCuirtear Chun Cinn Sláinte Mhaith Ghnéasach, Cinnteoireacht Bunaithe ar Eolas, Cleachtais Bunaithe ar Fhianaise, agus Rochtain ar Sheirbhísí Ard-Cháilíochta 2012-2016' – in 2011/2012.

Straitéis agus Sainorduithe Chlár Toircheas Géarchéime FSS

Is é atá sa Straitéis ná an mheicníocht trína mbaintear amach cuspóirí an Chláir atá leagtha amach sna trí shainordú atá sonraithe san Ionstraim Reachtúil:

Sainordú 1:

Laghdú ar líon na dtoircheas géarchéime trí oideachas, chomhairle agus sheirbhísí frithghiniúna a chur ar fáil.

Sainordú 2:

Laghdú ar líon na mban a bhfuil toircheas géarchéime acu agus a shocraíonn ar ghinmhealladh a bheith acu trí sheirbhísí agus tacaíochtaí a thairiscint a chuireann roghanna eile ar an nginmhealladh i láthair ar dhóigh níos mealltaí.

Sainordú 3:

Seirbhísí comhairleoireachta, seirbhísí míochaine agus seirbhísí eile sláinte a chur ar fáil chun tacaíocht a sholáthar i ndiaidh toirchis ghéarchéime de réir mar is cuí de réir an Chláir.

Modh Oibre an Chláir

Fís

Oibreoidh an Clár, trí straitéis náisiúnta, lena fhís don todhchaí a fhíorú, mar atá:

- Fáilte a bheith ag mná, ag a bpáirtithe agus ag a dteaghlaigh roimh an toircheas agus roimh an tuismitheoireacht agus an dá rud a bheith ina n-eispéireas dearfach dóibh.
- Níos lú toircheas géarchéime a bheith ann, ach sa chás ina dtarlaíonn siad, mná agus fir a bheith in ann aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim gan eagla orthu roimh an todhchaí as siocair go bhfuil an tacaíocht chuí ar fáil, is cuma cad é an rogha a dhéanann siad.

Misean

Cuirtear in iúl i ráiteas an mhisin straitéisigh cad chuige a bhfuil an Clár i bhfeidhm agus cad é an cur chuige atá in úsáid chun an fhís straitéiseach a fhíorú:

Tá an Clár tiomanta do líon na dtoircheas géarchéime a laghdú agus do thacaíocht a thabhairt do mhná agus d'fhir atá ag plé le toircheas géarchéime. Déanfar é sin trí rannpháirtíocht an Chláir i gcur chuige atá comhordnaithe go náisiúnta agus a chuireann sláinte mhaith ghnéasach chun cinn mar aon le cinnteoireacht bunaithe ar eolas, cleachtais bunaithe ar fhianaise agus rochtain ar sheirbhísí agus ar thacaíochtaí leanúnacha d'ardcháilíocht.

Feidhmeanna an Chláir

Is iad seo a leanas feidhmeanna an Chláir:

Forálann an tAcht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 d'aistriú an riaracháin agus an ghnó a bhaineann le feidhmiú na bhfeidhmeanna a leanas chuig FSS. Is ionann na feidhmeanna seo agus iad siúd atá dílsithe don Chlár faoi Airteagal 4 (i), (ii), (v), (vi), (vii), (viii), (ix) agus (x) d'Ordú na Gníomhaireachta um Thoirchis Ghéarchéime (Bunú)[1].

Is iad seo a leanas feidhmeanna an Chláir:

(i) straitéis a ullmhú chun dul i ngleic le saincheist na dtoircheas géarchéime, i gcomhairle le Ranna an Stáit[2] atá sonraithe sa sceideal agus le duine ar bith eile a mheastar a bheith fóirsteanach, agus soláthróidh an Straitéis seo, i measc nithe eile, do:

  (a) laghdú ar líon na dtoircheas géarchéime trí oideachas, comhairle agus seirbhísí frithghiniúna a sholáthar;

  (b) laghdú ar líon na mban a bhfuil toirchis ghéarchéime acu agus a roghnaíonn ginmhilleadh, trí sheirbhísí agus tacaíochtaí a thairisicint le roghanna eile a dhéanamh níos tarraingtí;

  (c) sheirbhísí comhairleoireachta, seirbhísí míochaine agus seirbhísí eile sláinte a chur ar fáil chun tacaíocht a sholáthar i ndiaidh toirchis ghéarchéime de réir mar is cuí de réir an Chláir;

(ii) oibriú i gcomhpháirtíocht leis na gníomhaireachtaí ábhartha chun gnóthachtáil na gcuspóirí atá sa Straitéis a chur chun cinn agus a chomhordnú;

(v) tuarascálacha tréimhsiúla a dhéanamh ar dhul chun cinn agus gníomh feabhais a mholadh nuair is gá;

(vi) gnóthachtáil na gcuspóirí atá sonraithe in Airteagail 4(i)(a), 4(i)(b) agus 4 (i)(c) a chur chun cinn i gcomhar le duine ar bith eile a mheastar a bheith fóirsteanach de réir an Chláir:

  (a) trí fheasacht an phobail a chur chun cinn

  (b) trí fhaisnéis agus ábhar faisnéise a fhorbairt, a chur chun cinn agus a scaipeadh, agus

[1] I.R. Uimh. 446 de 2001 Ordú na Gníomhaireachta um Thoirchis Ghéarchéime (Bunú), 2001.
[2] An Roinn Sláinte agus Leanaí, an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, an Roinn Cirt agus Athchóirithe Dlí.

(c) trí sholáthar an oideachais agus na hoiliúna a chothú leis na nithe seo a leanas a chuimsiú;

(i) coimisiúnú feachtas fógraíochta sna meáin

(ii) coimisiúnú feachtas leictreonach fógraíochta sna meáin

(iii) forbairt áiseanna, ábhar fógraíochta agus ábhar oiliúna

(iv) scaipeadh na n-ábhar seo agus/nó

(v) aon mhodh eile de réir mar is cuí de réir an Chláir lena fheidhmeanna a chomhlíonadh faoi pharaghraf (vi) den alt seo.

(vii) cóid dea-chleachtais a cheapadh a ndéanfaidh gníomhaireachtaí agus daoine aonair a sholáthraíonn seirbhísí do mhná a bhfuil toircheas géarchéime acu dá réir;

(viii) taighde ar ghnéithe de thoirchis ghéarchéime a chur chun cinn agus a choimisiúnú de réir mar is gá;

(ix) comhairle a sholáthar, nuair a éilíonn an tAire é nó ar a thionscnamh féin, don Aire nó d'Airí eile an Rialtais ar shaincheisteanna a bhaineann le toirchis ghéarchéime

(x) aon fheidhm eile i dtaca le toirchis ghéarchéime a d'fhéadfadh an tAire a éileamh ó am go ham a dhéanamh.

Struchtúr an Chláir

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Forálann an tAcht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 d'aistriú an riaracháin agus an ghnó a bhaineann le feidhmiú feidhmeanna na hIar-Ghníomhaireachta um Thoirchis Ghéarchéime chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Slainte, mar chuid de chlár an Rialtais um chuíchóiriú gníomhaireachtaí Stáit. Rinneadh an t-aistriú ar 1 Eanáir 2010 agus, leis sin, cuireadh ainm úr ar an nGníomhaireacht, Clár Toircheas Géarchéime FSS.

An Grúpa Comhairleach

Is fóram ildisciplíneach é an Grúpa Comhairleach atá bunaithe ar Choiste Comhairliúcháin na hiar-Ghníomhaireachta. Tá sé comhdhéanta de pháirtithe leasmhara éagsúla: ranna Rialtais, FSS, soláthróirí seirbhísí maoinithe agus ionadaithe eile ó na hearnálacha sláinte agus sóisialta.

Feidhmíonn an Grúpa mar fhóram d'eagraíochtaí a mbaineann obair an Chláir leo ina dtig leo a gcuid tuairimí a chur i láthair. Is é an fheidhm atá aige "comhairle a chur ar an gClár maidir le (a) cúrsaí a bhaineann le toircheas géarchéime de réir mar a chuireann an Clár iad chuige agus (b) cúrsaí ar bith eile a bhaineann le sainchúram an Chláir".

In 2012, ba í an Dr Anne Marie McGauran, an Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESC) Cathaoirleach an Ghrúpa.

Bhuail an Grúpa le chéile chun na hÁbhair seo a leanas a phlé in 2012:

- Torthaí staidéar 2010 ar an bhfrithghiniúint agus ar thoirchis ghéarchéime in Éirinn ('Irish Contraception and Crisis Pregnancy Study-2010').
- Torthaí na tuarascála ar thaighde ar dhearcthaí i leith na torthúlachta, sláinte gnéasaí agus an mháithreachais i measc ban neamhnáisiúnach de mhionlaigh eitneacha atá ina gcónaí in Éirinn.
- An méid is féidir le Clár FSS a dhéanamh le cumarsáid sa bhaile idir daoine óga agus a dtuismitheoirí maidir le cúrsaí sláinte gnéasaí a fheabhsú.
- Forbairt Straitéise Náisiúnta um Shláinte Gnéasach – toircheas géarchéime a imeascadh ó thaobh taighde, faireachais, oideachais, coisc agus seirbhísí de.

Tá liosta iomlán bhaill an Ghrúpa Chomhairligh le fáil in Aguisín 2.

Foireann an Chláir

Bhí seisear ball foirne ag an gClár in 2012 – tá an struchtúr foirne leagtha amach in Figiúr 1.



Tá mionsonraí na mball foirne eile a raibh poist acu tráth éigin sa bhliain in Aguisín 3.

Cuspóirí Straitéiseacha

Críochnaíodh forbairt plean straitéiseach an Chláir (2012–2016) in 2012 maidir leis an dóigh le haghaidh a thabhairt ar cheist na dtoircheas géarchéime in Éirinn. Cuirfidh sé leis an dea-obair a rinneadh faoi dhara Straitéis (2007-2011) an Chláir.

Ba é cur chuige an Chláir agus an Straitéis á forbairt ná roinnt tosaíochtaí straitéiseacha a aithint a bheadh ina gcuidiú agus aghaidh á tabhairt ar thrí chuspóir lárnacha a thagann as na sainorduithe:

- Líon na dtoircheas géarchéime a laghdú.
- Líon na mban a roghnaíonn an ginmhilleadh i gcás toirchis ghéarchéime a laghdú.
- Sláinte fhisiceach agus mheabhrach ban a chosaint tar éis ginmhillte.

I dtréimhse chúig bliana na Straitéise nua 2012-2016, tá an Clár ag díriú ar chúig phríomhchuspóir:

1. Feabhsuithe ar oideachas sláinte gnéasaí, ar fhaisnéis agus ar eolas ar feadh an tsaoil

Eolas agus feasacht ar shláinte ghnéasach agus ar chaidrimh ghnéasacha a fheabhsú trí fheachtais dhírithe chumarsáide, eolas saincheaptha agus cláir oideachasúla a chur i bhfeidhm, agus trí thionscnaimh eile i réimse suíomhanna.

2. Frithghiniúint agus seirbhísí frithghiniúna

Feasacht ard ar an bhfrithghiniúint agus ar sheirbhísí frithghiniúna a chinntiú chun úsáid cheart, leanúnach na frithghiniúna a mhéadú i measc na ngrúpaí sin atá i mbaol.

3. Seirbhísí toirchis ghéarchéime

Rochtain ar sheirbhísí leanúnacha ardcháilíochta comhairleoireachta i gcás toirchis ghéarchéime agus i ndiaidh ginmhillte a fheabhsú agus infhaighteacht tacaíocht iarbhreithe agus teaghlaigh atá bunaithe sa phobal a chur chun cinn.

4. Comhoibriú straitéiseach agus tionchar ar bheartais

Forbairt comhpháirtíochtaí agus comhghuaillíochtaí straitéiseacha a chothú le rannpháirtíocht, acmhainní agus tiomantas comhchoiteann i dtaca le sláinte ghnéasach in Éirinn a fheabhsú agus líon na dtoircheas géarchéime a laghdú.

5. Aistriú eolais agus taighde

Taighde d'ardcháilíocht a chothú agus feidhmiú an taighde atá ann cheana féin agus taighde nua a mhéadú trí straitéis chuimsitheach aistrithe faisnéise a dhíríonn go díreach ar fhorbairtí i mbeartais agus i gcleachtais.

An Straitéis a Chur i bhFeidhm – Na Príomhghnéithe Cumasaithe

D'aithin an Clár roinnt gnéithe cumasaithe inmheánacha freisin lena chinntiú go bhfuil córais tacaíochta i bhfeidhm leis an Straitéis a chur i bhfeidhm go rathúil.

Cuireann feidhmeanna uile an Chláir (Riarachán, Maoiniú, Oideachas agus Faisnéis, Taighde agus Beartais) le forbairt agus le feidhmiú na dtionscadal a chomhlíonann na cuspóirí straitéiseacha.

Tá Tuarascáil Bhliantúil 2012 leagtha amach lena thaispeáint cén dul chun cinn atá déanta ag an gClár lena chuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.

CUSPÓIR STRAITÉISEACH 1

Feabhsuithe ar oideachas sláinte gnéasaí, ar fhaisnéis agus ar eolas ar feadh an tsaoil

Eolas agus feasacht ar shláinte ghnéasach agus ar chaidrimh ghnéasacha a fheabhsú trí fheachtais dhírithe chumarsáide, eolas saincheaptha agus cláir oideachasúla a chur i bhfeidhm, agus trí thionscnaimh eile i réimse suíomhanna.

Ar na príomhghníomhaíochtaí in 2012 bhí:

Measúnú ar thionscnamh oideachais B4uDecide.ie i Suíomhanna Obair Óige

In 2012, rinne an Clár obair le Tionscnamh Oideachais B4uDecide.ie a mheasúnú i suíomhanna obair óige. Choimisiúnaigh an Clár an tionscadal in 2011. Bhí fócasghrúpaí agus agallaimh chuimsitheacha le hoibrithe óige a bhfuil clár B4uDecide.ie curtha i bhfeidhm acu le daoine óga mar chuid den tionscadal. Beidh torthaí an mheasúnaithe againn go luath in 2013.

Áiseanna do Mhúinteoirí agus d'Oibrithe Óige faoi choinne B4uDecide.ie

Easpa acmhainní is ea ceann de na constaicí a luaigh múinteoirí a bheith roimh fheidhmiú iomlán Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG). In 2012, dháil an Roinn Oideachais agus Scileanna áiseanna B4uDecide.ie a d'fhorbair an Clár – áiseanna teagaisc, póstaeirí agus ábhar eile fógraíochta – ar gach scoil. Scaip an tSeirbhís Tacaíochta OSPS agus Comhairle Náisiúnta na nÓg 278 paca eile. Tugadh leagan Gaeilge de na háiseanna do ghaelscoileanna freisin.

Suíomh Gréasáin B4uDecide.ie do Dhéagóirí, Thuismitheoirí, Mhúinteoirí agus Oibrithe Óige

Tá suíomh gréasáin B4uDecide.ie nasctha leis na háiseanna do mhúinteoirí agus d'oibrithe óige. Tá físeáin ann, mar aon le suirbhéanna, quizeanna agus fíorscéalta ó dhaoine óga a raibh toircheas géarchéime acu nó a thug cuairt ar chlinic STI. Is é aidhm an tsuímh eolas a thabhairt do dhaoine óga a ligfidh dóibh cinntí sláintiúla, freagracha a dhéanamh faoi chaidrimh agus faoi ghnéas. Tugadh 17,000 cuairt ar B4uDecide.ie in 2012.

Áis TRUST do Mhúinteoirí agus d'Oibrithe Óige

Dáileadh 251 cóip den áis TRUST (maidir lena bheith ag labhairt ar chaidirimh agus maidir le tuiscint a fháil ar an ngnéasacht – Talking Relationships Understanding Sexuality Teaching) faoi choinne OCG sa timthriall Sinsearach. D'fhorbair an Clár an áis seo i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Oideachais agus Scileanna. Scaipeadh 171 cóip trí oiliúint OCG sa Timthriall Sinsearach do mhúinteoirí, curtha ar fáil ag an Seirbhís Tacaíochta OSPS. Scaipeadh 80 cóip trí Chomhairle na nÓg ar eagraíochtaí óige trí sheisiúin oiliúna.

Áis Oideachasúil 'Dá mba mise Jack' (If I Were Jack)

Lean an Clár ar aghaidh lena bheith ag comhoibriú le hOllscoil na Banríona, Béal Feirste, le háis oideachasúil a fhorbairt faoi choinne iar-bhunscoileanna, i gcomhar le Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Shláinte Phoiblí agus leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, le tacaíocht ó Chomhairle Taighde Eacnamaíoch agus Shóisialta na Ríochta Aontaithe. Beidh an áis oideachasúil seo bunaithe ar scannán/dhráma dar teideal 'Dá mba mise Jack – dearcthaí agus cinnteoireacht ag ógánaigh fir maidir le toircheas neamhphleanáilte'. Fuarthas cuid den mhaoiniú don áis seo ón gClár mar chuid de thionscadal taighde a coimisiúnaíodh faoi Dhámhachtainí Taighde an Chláir 2007.

Nuálaithe Óga Sóisialta

In 2012, lean an Clár ar aghaidh lena chomhpháirtíocht oideachais trí Chlár an Nuálaí Óig agus rinne sé urraíocht agus moltóireacht faoi choinne gradaim maidir le 'Caidrimh agus Sláinte Ghnéasach'. Chuir an Clár thart ar 215 paca eolais ar fáil faoi shláinte ghnéasach do mhúinteoirí agus d'oibrithe óige a d'fhreastail ar oiliúint inseirbhíse faoi Chlár an Nuálaí Óig i mí Mheán Fómhair. Bhí ionadaí ón gClár Toircheas Géarchéime mar bhall den phainéal ag Fóram Labhairt Amach Bhaile Átha Cliath agus ag an Sárthaispeántas Bliantúil. Chuir an fhoireann suíomh gréasáin B4uDecide.ie chun cinn agus dháil siad ábhar fógraíochta ag an Sárthaispeántas Bliantúil. Chuir 26 tionscadal isteach ar dhámhachtain 'Caidrimh agus Sláinte Ghnéasach'. Bhuaigh Meánscoil Gharman, Inis Córthaidh, Contae Loch Garman an dámhachtain as a tionscadal a bhain le ceist na hómafóibe.

Áiseanna Faisnéise do Thuismitheoirí

Dáileadh réimse ábhar tacaíochta ar thuismitheoirí le cuidiú leo labhairt lena bpáistí faoi chaidrimh agus faoin ngnéas trí Healthpromotion.ie, trí sheirbhís saorthéacs an Chláir agus trí imeachtaí in 2012. Is iad seo a leanas na figiúirí a bhí i gceist, go garbh:

- 7,700 Tuismitheoir – Leideanna maidir lena bheith ag Labhairt le Déagóirí Níos Sine
- 6,000 DVD agus Leabhrán 'You Can Talk To Me'
- 600 DVD agus Leabhrán 'Busybodies'
- 500 DVD agus Leabhrán 'The Facts'

Dáileadh Faisnéise faoi Shláinte Ghnéasach

Tá réimse ábhar faisnéise agus oideachais forbartha ag an gClár atá ar fáil don phobal mór agus dóibh siúd a bhíonn ag plé le toirchis ghéarchéime a chosc agus a bhainistiú mar chuid de ghnáthchúrsa a gcuid oibre. Is é an suíomh gréasáin Healthpromotion.ie an príomh-mhodh cumarsáide agus dáilte áiseanna uile an Chláir.

In 2012, dáileadh thart ar 545,000 áis de chuid an Chláir ar réimse spriocléitheoirí trí éagsúlacht imeachtaí, comhdhálacha, gníomhaíochtaí leis an tsláinte a chur chun cinn agus trí Healthpromotion.ie.

Cláir Oiliúna d'Oiliúnóirí

Lean an Clár ar aghaidh in 2012 de bheith ag fáil maoinithe do réimse tionscnamh oiliúna d'oibrithe óige, do thuismitheoirí agus do dhaoine óga maidir le caidrimh agus sláinte ghnéasach.

Oiliúint faoi Chaidrimh agus Sláinte Ghnéasach do Thuismitheoirí [le clúdach réigiúnach]:

- Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí – Fuair an rannóg bunscolaíochta maoiniú le hoiliúint a chur ar fáil do thuismitheoirí le cuidiú leo tacú lena bpáistí cairdeas agus caidrimh shláintiúla a chothú. D'fhreastail 701 tuismitheoir ar na seisiúin oiliúna faisnéise in 2012.
- Fuair Cumann Pleanála Teaghlaigh na hÉireann maoiniú leis an gclár 'Speakeasy' a chur ar fáil do thuismitheoirí. Rinne 96 tuismitheoir an dianoiliúint ocht seachtaine a thosaigh i mí na Samhna 2011 agus a tháinig chun deiridh go mall in 2012.
- 'REAL U' Caidrimh a Fhiosrú agus Léargas ar an Saol – cuireadh an oiliúint seo ar 170 oibrí óige in 2012.

Ar na cláir eile a fuair maoiniú go leanúnach ón gClár in 2012 bhí:

- Cumann Cúram Altramais na hÉireann, i gcomhpháirtíocht le Rannóg Bunscolaíochta Chomhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí, le scileanna 30 éascaitheoir a fheabhsú le hoideachas ar chaidrimh agus ar shláinte ghnéasach a chur ar fáil do thuismitheoirí altramais le cuidiú leo labhairt leis na páistí atá faoina gcúram faoi chaidrimh agus sláinte ghnéasach. Tá céim phíolótach an tionscadail seo, oiliúint na n-éascaitheoirí san áireamh, le cur i gcrích go luath in 2013.

Réimse ábhar déanta ag an gClár le cuidiú le tuismitheoirí labhairt lena bpáistí faoi chaidrimh agus faoin ngnéas.

- Comhairle Náisiúnta na n-Óg, le hoiliúint 'Leave it til later', a thacaíonn le tionscnamh oideachais 'B4uDecide.ie' an Chláir, a chur ar fáil. Fuair an Chomhairle maoiniú fosta le seisiúin oiliúna a chur ar fáil d'oibrithe óige le cuidiú leo athbhreithniú a dhéanamh ar a mbeartais sláinte gnéasaí agus iad a fhorbairt. Chuaigh 115 Oibrí Óige faoin oiliúint seo in 2012.

Tionscnaimh Oiliúna do Dhaoine Óga

Maoiníonn an Clár roinnt tionscnamh oiliúna atá dírithe go díreach ar dhaoine óga freisin. Orthu siúd tá:

- Seirbhís Óige Bhaile Bhlainséir, Foróige, Baile Átha Cliath, leis an Tionscnamh um Shláinte Déagóirí a chur ar fáil d'fhir óga idir 13 bliana agus 17 mbliana d'aois.
- Ionad na mBan, Leitir Ceanainn, Dún na nGall, le clár píolótach oideachais faoi shláinte iomlánaíoch ghnéasach agus forbairt phearsanta a chur ar fáil do mhná óga a mbaineann an t-eisiamh sóisialta leo.
- Here2Help (Pact roimhe seo), lena gclár OCG a chur ar fáil i scoileanna i mBaile Átha Cliath, sa Chabhán agus i gCill Mhantáin.
- Clár oiliúna 'Real Deal' faoi oideachas sláinte gnéasaí



Athfhorbraíodh Crisispregnancy.ie in 2012 lena chinntiú go mbeadh sé furasta le húsáid agus go mbeadh eolas agus taighde ábhartha ar fáil go réidh do réimse gairmeach sláinte, oideachasóirí agus taighdeoirí a bhíonn ag dul ar an suíomh.

dóibh siúd i gCúige Laighean agus i Maigh Eo a fhágann an scoil go luath agus dóibh siúd a mbaineann an baol leo go bhfágfaidh siad an scoil go luath. Is comhaoisigh na rannpháirtithe atá i gceannas ar an gclár seo.

- An tIonad Sláinte Gnéasaí, Corcaigh, le tionscadal slógadh pobail a chur ar fáil do dhaoine óga i suíomhanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla oideachais araon. Pléann an tionscadal le caidrimh agus le hoideachas sláinte gnéasaí.
- Ionad Comhairleoireachta an Iardheiscirt, Ciarraí, le clár forbartha pearsanta 'Getting Real' a chur ar fáil d'ógánaigh a d'fhág an scoil go luath nó a mbaineann an baol leo go bhfágfaidh siad an scoil go luath.

Caiféanna Sláinte Óige agus Seirbhísí Gaolmhara

In 2012, lean an Clár ar aghaidh de bheith ag cur maoinithe ar fáil le trí chaifé óige a oscailt: Caifé Sláinte Óige Zone, Baile Bhlainséir, Caifé Sláinte Óige Exit, Tamhlacht, agus Tionscadal Sláinte agus Faisnéise Déagóirí Squashy Couch, Port Láirge. Chomh maith le spás fáilteach a chur ar fáil do dhaoine óga, dearadh na tionscadail seo go speisialta le teagmháil a dhéanamh le déagóirí atá i mbaol toirchis ghéarchéime agus le deiseanna le hoideachas ar chaidrimh agus ar shláinte ghnéasach a fháil a éascú. Is é spriocghrúpa na gcaiféanna óige déagóirí 14 bliana go 19 mbliana d'aois. Bhain tuairim is 1,600 duine óg úsáid as na seirbhísí seo go rialta in 2012.

Crisispregnancy.ie

D'athfhorbair an Clár Crisispregnancy.ie lena chinntiú go mbeadh an suíomh gréasáin furasta le húsáid agus go mbeadh fáil go héasca ar an eolas agus ar an taighde ábhartha ag an réimse gairmeach sláinte, oideachasóirí agus taighdeoirí a bhíonn ag dul ar an suíomh. Tugadh cuairt ar an suíomh thart ar 19,000 uair in 2012. Rinne an Clár athdhearadh ar a nuachtlitir de réir an deartha úir ar an suíomh. Is é aidhm na nuachtlitreach síntiúsóirí a choinneáil ar an eolas faoi thuarascálacha ábhartha taighde agus faoi thionscnaimh, oiliúint agus imeachtaí sláinte gnéasaí.

Caidreamh Poiblí

In 2012, d'eisigh an Clár roinnt preasráiteas agus nuachtlitreacha agus thug siad freagraí, i gcomhar le Preasoifig FSS, ar cheisteanna ó na meáin. Chuir an Clár ailt isteach ar bhonn rialta chuig foilseacháin a bhíonn ag plé le cúrsaí sláinte, ina measc iris Health Matters FSS, Health Promotion Sexual Health News FSS, Irish Pharmacy Union Review agus an iris Healthy U foilsithe ag Irish Medical News.

CUSPÓIR STRAITÉISEACH **2**

Frithghiniúint agus seirbhísí frithghiniúna

Feasacht ard ar an bhfrithghiniúint agus ar sheirbhísí frithghiniúna a chinntiú chun úsáid cheart, leanúnach na frithghiniúna a mhéadú i measc na ngrúpaí sin atá i mbaol.

Seoladh céim úr san fheachtas 'Think Contraception' in 2012: 'Relax – Johnny's got you covered'

Ar na príomhghníomhaíochtaí in 2012 bhí:

An feachtas nua frithghiniúna éigeandála a seoladh i gcomhar le hearnáil chógaisíochta na hÉireann

In 2012, lean an Clár ar aghaidh de bheith ag obair i gcomhpháirtíocht leis an earnáil chógaisíochta – Aontas Cógaisíochta na hÉireann, Cumann Cógaiseoirí na hÉireann agus cógaslanna móra sraithe mar Boots agus Unicare – ar fhorbairt, ar sheoladh agus ar fhógairt feachtais le hinfhaighteacht frithghiniúintí éigeandála go díreach ó chógaiseoirí a chur chun cinn mar aon le ról na gcógaiseoirí pobail maidir le comhairle sláinte gnéasaí a chur ar fáil. Ba chuidiúil na comhpháirtíochtaí le Dochtúirí Ginearálta agus leis an earnáil pleanála teaghlaigh sa phróiseas seo.

Cuireadh breis agus 1,600 paca lán ábhar fógraíochta chuig cógaiseoirí pobail ar fud na tíre. Bhí greamán suntasach ann ar a raibh comhartha dearg uaillbhreasa agus an teachtaireacht (i mBéarla) "Frithghiniúintí Éigeandála ar fáil anseo". Cuidíonn an greamán le mná áiteanna ina bhfuil frithghiniúintí éigeandála ar fáil trí sheisiún comhairliúcháin leis an gcógaiseoir a aimsiú go héasca. Ar na nithe eile sa phaca bhí bileog eolais faoi frithghiniúintí éigeandála, leabhrán 'Think Contraception' agus póstaer A4. Is iad na gnéithe eile a bhí leis an bhfeachtas rannóg ar leith ar thinkcontraception.ie agus póstaeirí fógraíochta i gcoláistí, i dtithe tábhairne agus i gclubanna. Léiríonn na gnéithe eile sin cé gurb í an frithghiniúint rialta an dóigh is fearr le toircheas neamhphleanáilte a sheachaint, tá frithghiniúint éigeandála ar fáil munar baineadh úsáid as frithghiniúint nó sa chás inar theip ar na gnáthmhodhanna frithghiniúna.

Is é príomhtheachtaireacht an fheachtais dá luaithe a fhaigheann tú frithghiniúint éigeandála sa chás ina bhfuil sí de dhíth, is amhlaidh is fearr é – 'The Sooner, The Better' – mar i gcás cineálacha áirithe frithghiniúna éigeandála, dá luaithe a thógtar iad is amhlaidh is éifeachtúla atá siad. Dáileadh níos mó ná 100,000 bileog, greamán fuinneoige agus póstaer faoi frithghiniúintí éigeandála in 2012. Bhí thart ar 20,000 amharc leathanaigh ar an rannóg ar leith faoi frithghiniúintí éigeandála ar Thinkcontraception.ie in 2012.

Céim úr d'fheachtas 'Think Contraception' seolta: 'Relax – Johnny's got you covered'

Sheol an Clár céim úr san fheachtas 'Think Contraception' le haosaigh óga a bhíonn ag déanamh gnéis a spreagadh le coiscíní a úsáid. Baineann an chéim seo den fheachtas le frithghiniúint agus le hionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha (STIanna). Tá carachtar úr san fheachtas darb ainm Johnny a chuireann teachtaireachtaí an fheachtais in iúl ar dhóigh úr, shiamsúil. Spreagann 'Johnny' fir agus mná óga a bhíonn ag déanamh gnéis agus nach mian leo a bheith ag iompar clainne lena bheith ag pleanáil don ghnéas agus le coiscíní a úsáid go leanúnach le toircheas neamhphleanáite agus STIanna a sheachaint.

Dar le taighde neamhspleách ar an margadh, bhí 50% de na daoine úd a raibh an feachtas dírithe orthu eolach ar fheachtas úr 'Clúdóidh Johnny thú' ('Johnny's got you covered') in 2012. Bhí Johnny i láthair ag roinnt imeachtaí poiblí, ag imeachtaí do mhic léinn agus ag féilte i rith an tsamhraidh agus san fhómhar. Bhí an-tóir ar chuntas Twitter Johnny @thinkjohnny agus ar an leathanach Facebook 'Johnny's got you covered' in 2012; rinne breis agus 7,000 duine 'like-áil' ar an leathanach Facebook.

In 2012, tugadh thart ar 73,000 cuairt ar Thinkcontraception.ie agus dáileadh thart ar 200,000 leabhrán 'Think Contraception'.

Sláinte Ghnéasach a Chur Chun Cinn i gColáistí ar fud na Tíre – Comhpháirtíocht le hAontas na Mac Léinn in Éirinn

Seachtain SHAG – Comhairle agus Treoir ar Shláinte Ghnéasach

Sheol Aontas na Mac Léinn in Éirinn agus an Clár Seachtain SHAG (Comhairle agus Treoir ar Shláinte Ghnéasach) in Institiúid Teicneolaíochta BÁC ar Shráid Bolton in 2012. Thacaigh an Clár leis an imeacht trína gcuid Éicea-Chabanna a bhrandáil le 'Think Contraception'. Dháil na hÉicea-Chabanna breis agus 10,000 paca cosanta 'Think Contraception' (ina raibh coiscín agus faisnéis faoi shláinte ghnéasach) agus spreag siad mic léinn lena bheith páirteach sa chluiche digiteach idirghníomhach 'Get Protected' ina gcaithfidh na himreoirí iad féin a chosaint ar STIanna agus toirchis neamhphleanáilte. Leanadh ar aghaidh le Seachtain SHAG 2012 i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, in Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach agus in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Bhain Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach 5,000 paca cosanta 'Think Contraception' as an líon is mó imirtí a fháil ar an gcluiche 'Get Protected' le linn Sheachtain SHAG.

An Seó Bóthair um Oideachas Sláinte Gnéasaí

Chuaigh an Clár i mbun comhpháirtíochta le hAontas na Mac Léinn in Éirinn le tionscnamh nua dar teideal an Seó Bóthair um Oideachas Sláinte Gnéasaí a sheoladh sna coláistí. Ba é aidhm an tionscnaimh oideachas a chur ar mhic léinn sna coláistí faoina sláinte ghnéasach agus iad siúd a bhíonn ag déanamh gnéis a spreagadh le gnéas taitneamhach, comhthoiliúil, níos sábháilte a bheith acu. Thug an Seó Bóthair cuairt ar cheithre champas – Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, IT Phort Láirge, IT Shligigh agus IT Bhaile Bhlainséir – idir Meán Fómhair agus Nollaig 2012 agus bhí feachtas feasachta ar líne ag dul leis freisin. I measc na n-ábhar spéise do na mic léinn bhí seastáin idirghníomhacha, oideachasúla leis na heagraíochtaí sláinte gnéasaí, Éicea-Chabanna a raibh an branda 'Think Contraception' orthu agus cluiche digiteach, fógraíocht faoi thástálacha STI agus faoi roghanna frithghiniúna, ceardlanna faoi shláinte ghnéasach, draíodóir sláinte gnéasaí agus comórtais do mhic léinn. I measc na n-eagraíochtaí eile a bhí páirteach ann bhí Comhghuaillíocht SEIF Bhaile Átha Cliath, Cumann Pleanála Teaghlaigh na hÉireann, Líonra Sláinte na bhFear Aerach agus Durex. Scaipeadh thart ar 8,000 Paca Cosanta 'Think Contraception' ar fud na gceithre choláiste.

Gníomhaíocht Rochtana 'Think Contraception' – Féilte, Ceolchoirmeacha agus Deirí Seachtaine Saoire Bainc

Dháil foireann 'Think Contraception' Pacaí Cosanta 'Think Contraception' agus greamáin ar an lucht féachana ag na moil iompair don Phicnic Leictreach agus taobh amuigh de cheolchoirm David Guetta ag Páirc Mharlaí.

Scaip foireann 'Think Contraception' Pacaí Cosanta freisin le linn na ndeirí seachtaine móra saoire bainc taobh amuigh de thithe tábhairne agus de chlubanna i nGaillimh, i gCorcaigh, i Luimneach, i gCill Chainnigh agus i mBaile Átha Cliath.

Dáileadh breis agus 23,000 Paca Cosanta ar na daoine úd a bhfuil siad dírithe orthu ar na hócáidí seo.

Feachtas 'Gnéas Níos Sábháilte ar 12 Lá na Nollag' ag 'Think Contraception'

Dháil foireann 'Think Contraception' Pacaí Cosanta ar na sráideanna i gCorcaigh, i mBaile Átha Cliath, i nGaillimh agus i gCill Chainnigh, ag cóisirí coláiste agus ag clubanna oíche thar thréimhse 12 lá an fheachtais. Díríodh teachtaireacht an fheachtais orthu siúd a bheadh 'dalba' um Nollaig agus cuireadh i gcuimhne dóibh a bheith deas lena bpáirtithe agus coiscín a úsáid (Ba é mana an fheachtais 'For all those who plan to be naughty this Christmas, be nice to your partner and use a condom'). Scaipeadh thart ar 17,000 Paca Cosanta le linn feachtas seo na Nollag.

Frithghiniúint 35-55

Dáileadh thart ar 16,000 bileog 'Contraception 35-55', forbartha ag an gClár, in 2012. Ospidéil mháithreachais, Dochtúirí Ginearálta agus cógaiseoirí is mó a d'ordaigh an bhileog seo atá dírithe ar mhná 35 go 55 bliain d'aois, tríd an suíomh Healthpromotion.ie.

Dáileadh thart ar 16,000 bileog 'Contraception 35-55' ar mhná, go príomhúil trí ospidéil mháithreachais, Dhochtúirí Teaghlaigh agus chógaiseoirí.

Cúrsa Oiliúna faoi Fhrithghiniúint Fhadghníomhach In-Aisiompaithe (LARC) – Comhpháirtíocht le Coláiste Liachleachtóirí na hÉireann

In 2012, chuir an Clár maoiniú ar fáil do Choláiste Liachleachtóirí na hÉireann le leanacht ar aghaidh de bheith ag cur clár oiliúna neamhspleách atá creidiúnaithe go seachtrach ar fáil do ghairmigh a bhíonn ag plé le cúram príomhúil sláinte maidir le gach modh LARC.
Mar chuid de chéim II den tionscnamh seo, thug an Clár tacaíocht don Choláiste teagascóirí nua a oiliúint trí Mháistir-Ranganna a chur ar fáil dóibh. Tá níos mó ná 100 teagascóir nua oilte anois mar chuid de chéim II den tionscadal seo. Tá na teagascóirí nua LARC seo ag cur oiliúna LARC ar fáil anois do Dhochtúirí Teaghlaigh agus d'ábhair Dhochtúirí Teaghlaigh ar fud na tíre; beidh siadsan in ann cur isteach ansin ar an ardteastas in LARC trí na céad chéimeanna eile de chlár LARC ag Coláiste Liachleachtóirí na hÉireann.

Toirchis Ghéarchéime: Treoir Bainistíochta don Chleachtas Ginearálta – Comhpháirtíocht le Coláiste Liachleachtóirí na hÉireann

In 2012, thug an Clár cuidiú do Choláiste Liachleachtóirí na hÉireann treoir nuashonraithe a fhorbairt do Dhochtúirí Ginearálta a bhíonn ag tacú le cliaint le linn toirchis ghéarchéime nó ina dhiaidh. Tá eolas sa treoir nuashonraithe a bhí sna príomhacmhainní teagmhála a chuir an Coláiste agus an Iar-Ghníomhaireacht Toircheas Géarchéime amach roimhe sin:

Príomhacmhainn teagmhála: Treoirlínte um Chúram Príomhúil maidir le Cosc agus Bainistiú Toircheas Géarchéime (Primary Care Guidelines for the Prevention and Management of Crisis Pregnancy) (2004)

Príomhacmhainn teagmhála: Cúram don Bhean i ndiaidh Ginmhillte (Care of a Woman after an Abortion) (2007).

D'fhorbair an Coláiste an treoir agus d'fhaomh an Coiste um Cháilíocht i gCleachtas í. Is é aidhm na treorach athbhreithnithe a chinntiú go bhfaigheann mná a bhfuil toirchis ghéarchéime acu cúram ardcháilíochta nuair a théann siad chuig an Dochtúir Teaghlaigh. Fógraítear na seirbhísí comhairleoireachta um thoircheas géarchéime atá maoinithe ag an Stát agus atá ar fáil saor in aisce síos tríd an treoir. Is iad na príomhphointí teagmhála iad do Dhochtúirí Teaghlaigh atá ar lorg seirbhísí speisialtóireachta dá gcliaint sa réimse seo. Tá an treoir le foilsiú in 2013.

Seirbhísí Frithghiniúna

In 2012, lean an Clár ar aghaidh de bheith ag obair le roinnt sainseirbhísí tacaíochta agus soláthróirí eolais maidir leis an bhfrithghiniúint. Orthu sin bhí:

- AkiDwA, le sraith ceardlann a dhéanamh faoi shláinte ghnéasach agus atáirgthe d'imircigh mhná agus le hiad a chur i dteagmháil leis na seirbhísí áitiúla cuí – seirbhísí frithghiniúna agus toirchis ghéarchéime ina measc – ar dhóigh a bhfóireann don chultúr acu.
- Ionad Ban Leitir Ceanainn, Dún na nGall, do chlinic shláinte ban 'iLASH'.
- Seirbhís Sláinte Óige, le seirbhísí pleanála teaghlaigh a chur ar fáil do dhaoine óga faoi 21 bliain d'aois.
- An tIonad Sláinte Gnéasaí, Corcaigh, le faisnéis agus tacaíocht faoi shláinte ghnéasach a chur ar fáil ar bhonn buailte isteach ó lár 2012 ar aghaidh mar chuid de thionscadal sláinte níos leithne.

CUSPÓIR STRAITÉISEACH 3

Seirbhísí toirchis ghéarchéime

Rochtain ar sheirbhísí leanúnacha ardcháilíochta comhairleoireachta i gcás toirchis ghéarchéime agus i ndiaidh ginmhillte a fheabhsú agus infhaighteacht tacaíocht iarbhreithe agus teaghlaigh atá bunaithe sa phobal a chur chun cinn.



Ar na príomhghníomhaíochtaí in 2012 bhí:

Comhairleoireacht i gcás Toirchis Ghéarchéime agus i ndiaidh Ginmhillte

Ba thosaíocht i gcónaí é in 2012 ag an gClár tacaíocht a thabhairt le go mbeadh seirbhísí comhairleoireachta agus míochaine saor in aisce ar fáil i gcás toirchis ghéarchéime agus i ndiaidh ginmhillte. Maoiníonn an Clár réimse múnlaí seachadta seirbhísí i réimse suíomhanna agus áiteanna. Tá sé tábhachtach infhaighteacht mhaith ar sheirbhísí den chineál sin i ngort na comhairleoireachta toirchis ghéarchéime a éascú. Tugann an Clár maoiniú do 15 sholáthróir seirbhísí faoi láthair le seirbhísí comhairleoireachta a chur ar fáil i mbreis agus 50 áit ar fud na tíre. Tá seiceálacha míochaine iar-ghinmhillte le fáil saor in aisce freisin trí ocht gcinn de na seirbhísí.

Comhairleoireacht Toirchis Ghéarchéime agus i ndiaidh Ginmhillte, agus Soláthróirí Seirbhísí Seiceála Míochaine in 2012

Seirbhís Tacaíochta i gcás Toirchis Ghéarchéime, Béal Átha na Sluaighe
Ionad Sláinte na mBan, Bré*
Clinic Pleanála Teaghlaigh Chorcaí (seiceálacha míochaine iar-ghinmhillte amháin, saor in aisce)
CURA
Clinic Femplus, Baile Átha Cliath*
Cumann Pleanála Teaghlaigh na hÉireann*
Seirbhís Chomhairleoireachta i gcás Toirchis Ghéarchéime, Ciarraí*
Seirbhís Chúram Toirchis Life
Clinic Pleanála Teaghlaigh Luimní (seiceálacha míochaine iar-ghinmhillte amháin, saor in aisce)
Seirbhís Tacaíochta i gcás Toirchis Ghéarchéime, Maigh Eo
Seirbhís Chomhairleoireachta i gcás Toirchis Ghéarchéime, Lártíre*
One Family, Baile Átha Cliath
Here2Help, Baile Átha Cliath agus an Cabhán
An tIonad Sláinte Gnéasaí, Corcaigh*
Ionad Well Woman , Baile Átha Cliath*
Seirbhís Chomhairleoireachta i gcás Toirchis Ghéarchéime, Iarthar Chorcaí
An tIonad Sláinte Óige, Corcaigh*
** Faigheann na seirbhísí seo deontais le seiceálacha míochaine iar-ghinmhillte a chur ar fáil freisin.*

Dáileadh thart ar 15,000 bileog 'Abortion Aftercare' ar Dhochtúirí Ginearálta go príomha in 2012.

Positive Options

Is é teachtaireacht fheachtas 'Positive Options' ná go mbíonn cluas mhaith éisteachta i gcónaí ar fáil le linn toirchis ghéarchéime agus 'gur féidir gur cuidiú é labhairt le comhairleoir'. In 2012, d'fhorbair an Clár dearadh nua dá phóstaeirí, bileoga agus cártaí sparáin.

In 2012, bhí 69% de na daoine a raibh an feachtas seo dírithe orthu eolach air agus ar an teachtaireacht 'gur féidir gur cuidiú é labhairt le comhairleoir'. Chuir an Clár póstaeirí agus bileoga 'Positive Options' ar taispeáint i lialanna Dhochtúirí Teaghlaigh ar fud na tíre. Dáileadh thart ar 93,000 bileog Positive Options agus 14,000 cárta sparáin Positive Options go díreach ar mhná, go príomhá trí lialanna na nDochtúirí Teaghlaigh, i málaí féiríní Mhionmharatón na mBan agus i málaí féiríní do mhic léinn céad bhliana ó Studentcents.ie.

Tugadh 50,000 cuairt ar an suíomh gréasáin Positiveoptions.ie agus fuarthas thart ar 6,000 teachtaireacht téacs ag cuardach eolais ar chomhairleoireacht toirchis ghéarchéime.

Abortion Aftercare

Fógraíonn an feachtas 'Abortion Aftercare' na seirbhísí míochaine agus comhairleoireachta iar-ghinmhillte atá ar fáil do mhná in Éirinn. Fuarthas thart ar 400 teachtaireacht tríd

an seirbhís saorthéacs ó dhaoine a bhí ag cuardach eolais ar sheirbhísí iar-ghinmhillte, agus tugadh thart ar 9,000 cuairt ar an suíomh gréasáin Abortionaftercare.ie in 2012. Scaip an Clár thart ar 15,000 bileog Abortion Aftercare ar Dhochtúirí Teaghlaigh go príomha ar fud na tíre.

Maoirseacht agus Oiliúint (Forbairt Leantach Ghairmiúil)

Lean an Clár ar aghaidh de bheith ag tacú le seirbhísí comhairleoireachta duine le duine i gcás toirchis ghéarchéime. Chomh maith leis sin, thug an Clár tacaíocht do sheirbhísí lena scileanna a fheabhsú trí mhaoirseacht agus oiliúint leanúnach. Oibríonn an Clár le gach soláthróir seirbhísí leis an gcáilíocht is airde a choinneáil. Léirítear é sin trí mhaoiniú a chuirtear ar fáil go díreach do sholáthróirí seirbhísí le cuidiú le hoiliúint leanúnach, Forbairt Leantach Ghairmiúil agus maoirseacht (inmheánach agus sheachtrach) dóibh siúd a chuireann comhairleoireacht toirchis ghéarchéime ar fáil agus a seirbhísí eile gaolmhara.

Cúrsa an Teastais i Scileanna Comhairleoireachta Toirchis Ghéarchéime

Is í an Roinn Oideachas Aosach agus Pobail in Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, a reáchtálann an Teastas i Scileanna Comhairleoireachta Toirchis Ghéarchéime a fhaigheann maoiniú ón gClár. Chríochnaigh 17 nduine, idir baill foirne FSS agus comhairleoirí toirchis ghéarchéime, an cúrsa bliana bunaithe ar scileanna. Is é an aidhm atá leis tacú le daoine a bhíonn ag obair leo siúd a bhfuil toircheas géarchéime acu a scileanna comhairleoireachta agus tacaíochta i sainréimse na dtoircheas géarchéime a fheabhsú agus caighdeáin dea-chleachtais a leagan síos sa réimse. Mar gheall ar struchtúr an chúrsa, éascaítear líonrú agus comhroinnt na foghlama, rud a chuireann leis na seirbhísí a chuireann gach eagraíocht a bhíonn ag obair sa ghort seo ar fáil. Cuireadh tús le cúrsa nua i mí Dheireadh Fómhair 2012.

Measúnú Seachtrach ar Chúrsa an Teastais i Scileanna Comhairleoireachta Toirchis Ghéarchéime

Rinneadh measúnú neamhspleách ar Chúrsa an Teastais i Scileanna Comhairleoireachta Toirchis Ghéarchéime in 2012. Coimisiúnaíodh an measúnú seo in 2011. Chuathas i gcomhairle le gach iar-rannpháirtí ar an gcúrsa agus le gach seirbhís chomhairleoireachta toirchis ghéarchéime a fhaigheann maoiniú ón gClár mar chuid den phróiseas seo.



Rinne 17 nduine, baill foirne FSS agus comhairleoirí toirchis ghéarchéime, an cúrsa bliana bunaithe ar scileanna don Teastas i Scileanna Comhairleoireachta Toirchis Ghéarchéime.

Ba iad príomhthorthaí an mheasúnaithe:

- Cuireann 91% comhairleoireacht toirchis ghéarchéime ar fáil mar chuid dá ról reatha
- Tá curaclam an chúrsa daingean, ábhartha, fóirsteanach
- Is dearfach, den chuid is mó, aiseolas na rannpháirtithe.

Bronnadh rátáil ard éifeachtúlachta maidir leis na gnéithe a leanas:

- na modhanna foghlama ('ar fheabhas' an rátáil a bronnadh ar 70% acu)
- gnóthú cuspóirí an chúrsa
- cur i bhfeidhm na foghlama

Is iad éisteacht, comhbhá, scileanna comhairleoireachta agus féinfheasacht na scileanna is úsáidí a foghlaimíodh.

Ar na difríochtaí a thuairiscigh na rannpháirtithe a bheith ina gcuid oibre i ndiaidh an chúrsa bhí:

- níos mó eolais

- tuilleadh féinmhuiníne
- tuilleadh féinfheasachta
- níos mó eolais agus tuisceana ar obair idirghníomhaireachta.

Tá na torthaí le cur in iúl do sholáthróirí seirbhísí go luath in 2013.

Máistir-Ranganna maidir le 'Tacaíocht i gcás Toirchis Neamhphleanáilte'

Is é aidhm na Máistir-Ranganna seo deis a chruthú do ghairmigh eolas agus scileanna níos doimhne a fháil a chuideoidh leo na dúshláin a bhaineann lena bheith ag tacú le mná, lena bpáirtithe agus lena dteaghlaigh a bhainistiú i gcás toirchis ghéarchéime. Cuirtear spás tacúil, faisnéiseach ar fáil ag na Máistir-Ranganna chun comhrá agus machnamh a dhéanamh le hobair na ngairmeach i réimse leathan na dtoircheas géarchéime a láidriú. Ba thábhachtach é seo ag gairmigh shláinte, Dochtúirí Ginearálta, múinteoirí, oibrithe óige agus daoine eile a bhíonn ag bualadh le daoine ina gcuid oibre atá nó a bhí ag plé le toircheas neamhphleanáilte. Chuir na Máistir-Ranganna le hobair sin an Chláir maidir le cáilíocht agus caighdeáin a fhorbairt freisin sa réimse leathan a bhaineann le tacaíocht a thabhairt do chliaint atá ag plé le toircheas géarchéime.

Clúdaíodh na hábhair seo a leanas i Máistir-Ranganna 2012:

Máistir-Rang 1: Ginmhilleadh – ag freagairt do shaincheist chasta

Máistir-Rang 2: Ról an athar i dtoircheas neamhphleanáilte – cá bhfuil sé?

Máistir-Rang 3: Toirchis ag daoine mionaoiseacha agus toirchis neamhphleanáilte – an dlí agus cosaint páistí

Máistir-Rang 4: Imircigh óga agus mná de mhionlaigh eitneacha in Éirinn – leas gnéasach agus toirchis neamhphleanáilte

Gairmigh shláinte a bhí i mbreis agus ceithre scór de na daoine a d'fhreastail ar na Máistir-Ranganna seo in 2012. Beidh tuilleadh Máistir-Ranganna ann in 2013 a dhíreoidh ar ábhair spéise ag gairmigh shláinte a bhíonn ag obair sa ghort seo.

A Series of Masterclasses

Supporting an unplanned pregnancy

Organised by the
Department of Adult and Community Education,
National University of Ireland Maynooth
in conjunction with
HSE Crisis Pregnancy Programme

NUI MAYNOOTH

crisispregnancyprogramme

The aim of these Masterclasses is to create an opportunity for professionals to gain more in-depth knowledge and skills to resource them in managing the challenges that present around unplanned pregnancy.

The Masterclasses will provide a supportive and informative space for dialogue and reflection to help to strengthen professionals' work in the broad field of crisis pregnancy. Opportunities will be created for participants to share experiences and knowledge

Who is it for?

If you encounter unplanned pregnancy in the course of your professional life, and have some responsibility for supporting people who find themselves in this situation. This may include, for example, teachers, doctors, nurses, social workers, therapists, chaplains, all pastoral care workers, youth workers, volunteers.

Recognised for 4.5 CPD points by the Irish College of General Practitioners

When?

Masterclass 1
10am – 4.30pm 28th September 2012

Masterclass 2
10am – 4.30pm 19th October 2012

Masterclass 3
10am – 4.30pm 16th November 2012

Masterclass 4
10am – 4.30pm 7th December 2012

Where?

NUI Maynooth – the venue details to be confirmed

Facilitator: Anne McCarthy, Department of Adult and Community Education, NUI Maynooth

Fee: €30 per Masterclass (light lunch included)

Masterclass 1
Termination – responding to a complex issue
28th September 2012, 10.00am – 4.30pm
The termination of pregnancy is a complex issue. Professionals who encounter this issue with their clients need clear information and guidelines as well as an opportunity to discuss and clarify thoughts and feelings about termination of pregnancy. Sherie de Burgh, One Family, will present this Masterclass. She has many years of experience with clients regarding pregnancy and parenting. She brings an in-depth knowledge, compassion and empathy to this topic.

Masterclass 2
The role of the father in an unplanned pregnancy, where is he?
19th October 2012, 10.00am – 4.30pm
The role of the father in Irish society can be complex. There are many anomalies in Irish law that make it difficult for a father to participate fully in his child's life, especially in the context of unplanned pregnancy. Fergus Hogan, WIT, will present his research concerning men's experience of unplanned pregnancy and pregnancy loss. This research challenges perceptions of men, and particularly men in relation to unplanned pregnancy, termination of pregnancy and their own sexuality.

Masterclass 3
The minor and unplanned pregnancy – the law and child protection
16th November 2012, 10am – 4.30pm
This Masterclass will explore the complex area of supporting minors with an unplanned pregnancy and will address the legal issues involved. The legal responsibilities concerning child protection issues will be covered while simultaneously recognising the need to provide the best care for the young person. Jenny Bulbulia, BL will address the legal issues involved in working with minors. Anne McCarthy will facilitate the group to explore the implications of the legal requirements in their work.

Masterclass 4
Young migrants and ethnic minority women in Ireland – sexual wellbeing and unplanned pregnancy
7th December 2012, 10am – 4.30pm
This Masterclass will address the issue of supporting migrant and ethnic minority women in Ireland with an unplanned pregnancy. Dr Catherine Conlon, TCD, will present her research (2012) which explores the cultural complexity in engaging with sexuality and unplanned pregnancy for migrant and ethnic minority women. Alwiye Xusein, AkiDwA, Dublin will present her experience of working directly with migrant women.

D'fhreastail breis agus 80 gairmeach sláinte ar na Máistir-Ranganna maidir le tacaíocht do thoirchis neamhphleanáilte in 2012.

Lean an Clár lena bheith ag tacú le réimse tionscadal agus seirbhísí eile atá nasctha leis an gcuspóir straitéiseach infhaighteacht ar thacaíocht iarbhreithe agus teaghlaigh bunaithe sa phobal a chur chun cinn:

Seirbhísí Faisnéise agus Oiliúna do Thuismitheoirí

Lean an Clár ar aghaidh de bheith ag tacú leis na seirbhísí náisiúnta faisnéise One Family agus Treoir do theaghlaigh aontuismitheora agus do thuismitheoirí neamhphósta. Láimhseáil na seirbhísí seo breis agus 3,500 glaoch a cuireadh ar a gcuid línte faisnéise in 2012 agus chuir siad tacaíocht ar fáil duine le duine agus ar bhonn forochtana. Thuairiscigh an dá sheirbhís méadú ar líon na gcliant a chuir ceist a bhain le cruachás airgeadais. Tacaíonn an Clár freisin leis an Seirbhís Oiliúna Oideachais d'Aosaigh atá ag One Family a chuireann oiliúint agus cláir meantóireachta ar fáil, i measc seirbhísí eile.

Tacaíocht Phraiticiúil Eile Tuismitheoireachta Duine le Duine

Lean an Clár ar aghaidh leis an tacaíocht aige do sheirbhís náisiúnta tacaíochta CURA do mháithreacha agus d'aithreacha nua. Tugann an tseirbhís leantach seo tacaíocht phearsanta agus mhothúchánach do mháithreacha agus d'aithreacha nua, chomh maith le cuidiú praiticiúil agus eolas. Tá an tseirbhís ar fáil do sheantuismitheoirí agus do chaomhnóirí fosta.

Tugann an Clár maoiniú breise freisin do roinnt seirbhísí comhairleoireachta toirchis ghéarchéime le tacaíocht bhreise a sholáthar dóibh siúd a raibh toircheas géarchéime acu agus atá ina dtuismitheoirí anois.

Acmhainní Eolais

Mhaoinigh an Clár forbairt agus nuashonrú roinnt acmhainní in 2012, ina measc an paca eolais Treoir do thuismitheoirí neamhphósta agus paca eolais Choláiste Mhuire Gan Smál do mhic léinn tríú leibhéil atá ag súil le páiste nó ar tuismitheoirí iad.

Paca Eolais do Thuismitheoirí Neamhphósta

Fuair Treoir maoiniú lena phaca eolais do thuismitheoirí neamhphósta a nuashonrú. Tugtar é do ghairmigh shláinte agus do thuismitheoirí neamhphósta. Tá eolas úsáideach ann faoi na príomhcheisteanna a bhaineann leis na daoine a bhfuil sé dírithe orthu, mar shampla cearta agus dualgais tuismitheoirí atá ina gcónaí le chéile agus eolas ar chaomhnóireacht, rochtain, coimeád agus comhthuismitheoireacht. Tá eolas tábhachtach ann freisin do thuismitheoirí neamhphósta faoi cheisteanna eile dlí agus airgeadais agus faoi dheiseanna oideachais agus oiliúna. Tá rannán ann chomh maith ina bhfuil teagmhálaithe úsáideacha do dhaoine aonair agus do ghairmigh shláinte a mbeadh tacaíocht agus eolas breise de dhíth orthu.

Eolas do Mhic Léinn Tríú Leibhéil atá ag Súil le Páiste nó ar Tuismitheoirí Iad

Chuir an Clár agus Aontas na Mac Léinn i gColáiste Mhuire Gan Smál maoiniú ar fáil le treoir eolais a fhorbairt do mhic léinn tríú leibhéil atá ag súil le páiste nó ar tuismitheoirí iad. Seoladh an treoir go hoifigiúil sa Choláiste in 2012. Tá an treoir eolais deartha do mhic léinn a dtarlaíonn toircheas géarchéime dóibh agus iad go fóill ar an gcoláiste agus do mhic léinn atá ina dtuismitheoirí cheana féin agus a théann ar ais i mbun an oideachais. Is treoir phraiticiúil í ina bhfuil eolas agus pointí teagmhála agus cuireann sé mic léinn a bhfuil tacaíocht de dhíth orthu – duine le duine nó i seisiúin le grúpa – i dteagmháil le Comhordnaitheoir na Seirbhísí do Mhic Léinn atá ina dTuismitheoirí i gColáiste Mhuire Gan Smál.

De bhun an tseolta, dáileadh an acmhainn in 2012 ar Aontais eile Mac Léinn agus ar sheirbhísí gaolmhara le teimpléad a sholáthar sa chás ina mbeadh gá le hacmhainn den chineál céanna in institiúidí eile. Tá cóip chrua den acmhainn seo le fáil ó Choláiste Mhuire Gan Smál agus tá cóip le fáil ar líne ar www.mic.ul.ie.

Seirbhísí Leantacha Tacaíochta maidir le Leanúint ar aghaidh le Toircheas

Mar aon leis na seirbhísí samplacha atá luaite thuas, lean an Clár ar aghaidh de bheith ag maoiniú réimse leathan tionscadal difriúil a chuireann tacaíocht, oiliúint agus eolas ar fáil ar fud na tíre do thuismitheoirí nua agus do thuismitheoirí atá ag súil le páiste. Ar na tionscadail sin bhí:

- Clár City Slickers Luimní – Grúpa tacaíochta tuismitheoireachta do thuismitheoirí óga atá ina gcónaí i gCathair Luimní agus sa cheantar máguaird agus atá fágtha ar an imeall go sóisialta nó atá i mbaol eisiaimh shóisialta; díríonn an clár seo orthu siúd atá i mbaol an dara toircheas géarchéime nó toirchis ghéarchéime eile. Is é Comhairle Seirbhísí Sóisialta Luimní a chuireann an clár i bhfeidhm i gcomhar leis an gClár Tacaíochta do Thuismitheoirí Déagóra i Luimneach.
- 'Parents First' – Clár oideachais tuismitheoireachta do thuismitheoirí a bhfuil an chéad leanbh acu agus do thuismitheoirí nach mothaíonn go bhfuil go leor tacaíochta á fáil acu mar gheall ar mhíbuntáiste geografach nó sóisialta. Bíonn obair ghrúpa ann, ceardlanna agus seisiúin aonair eolais agus tacaíochta. Cuirtear an clár ar fáil do thuismitheoirí i gContae Chiarraí trí Ionad Comhairleoireachta an Iardheiscirt.
- Comhordnaitheoir na Mac Léinn atá ina dTuismitheoirí i gColáiste Mhuire Gan Smál, Luimneach, le heolas agus tacaíocht a thabhairt do mhic léinn atá ag súil le páiste nó atá ina dtuismitheoirí cheana féin.
- Seirbhís chomhairleoireachta agus altramais ghearrthréimhsigh do mháithreacha atá ag smaoineamh ar an bpáiste a chur suas faoi choinne uchtaithe. Is é Cúnamh, Baile Átha Cliath, a chuireann an tseirbhís seo ar fáil.
- Seirbhís chóiríochta do mhná atá ag plé le toircheas géarchéime agus a bhfuil lóistín agus tacaíocht eile de dhíth orthu. Is í Comhairle Seirbhísí Sóisialta Luimní a sholáthraíonn an tseirbhís seo.
- Tacaíocht maidir le sláinte ghnéasach agus tuismitheoireacht do theaghlaigh atá ag baint leasa as na seirbhísí cóiríochta a bhíonn á gcur ar fáil ag Ionad Bessborough, Corcaigh.
- Déanamh réimse acmhainní úsáideacha agus taighde gaolmhar ag Treoir, an Chónaidhm Náisiúnta Seirbhísí do Thuismitheoirí Neamhphósta agus dá bPáistí.

CUSPÓIR STRAITÉISEACH 4

Comhoibriú straitéiseach agus tionchar ar bheartais

Forbairt comhpháirtíochtaí agus comhghuaillíochtaí straitéiseacha a chothú le rannpháirtíocht, acmhainní agus tiomantas comhchoiteann i dtaca le sláinte ghnéasach in Éirinn a fheabhsú agus líon na dtoircheas géarchéime a laghdú.

Gráinne O'Leary, Cógaiseoir agus ball d'Aontas Cógaisíochta na hÉireann, agus an Dr Stephanie O'Keeffe, Stiúrthóir, Clár Toircheas Géarchéime FSS, ag seoladh an fheachtais Frithghiniúint Éigeandála

Tá comhpháirtíochtaí straitéiseacha agus an comhoibriú an-tábhachtach le hobair an Chláir a chur chun cinn. In 2012, lean an Clár ar aghaidh de bheith ag bainistiú caidreamh éifeachtúil oibre le comhpháirtithe fadbhunaithe agus d'fhorbair sé comhpháirtíochtaí nua mar chuid d'fhócas náisiúnta straitéiseach níos leithne le sláinte ghnéasach in Éirinn a fheasbhú. Chuir an Clár roinnt aighneachtaí bunaithe ar fhianaise isteach chuig eagraíochtaí reachtúla agus chuir sé sonraí ar fáil ón taighde a choimisiúnaigh sé a cuireadh san áireamh i léirithe a rinneadh os comhair grúpaí éagsúla le tionchar a imirt ar chinnteoireacht i réimsí a bhaineann le sainorduithe an Chláir.

Ar na príomhghníomhaíochtaí in 2012 bhí:

Forbairt an Tríú Straitéis Náisiúnta 2012-2016 le Líon na dToircheas Géarchéime a Laghdú

In 2012, chríochnaigh an Clár an tríú straitéis náisiúnta aige: 'Rannpháirtíocht i gcur chuige náisiúnta a chuireann sláinte mhaith ghnéasach, cinnteoireacht bunaithe ar eolas, cleachtais bunaithe ar fhianaise agus rochtain ar sheirbhísí ardcháilíochta chun cinn'. Tá cur síos sa cháipéis ar threo straitéiseach an Chláir sa tréimhse 2012–2016. Bhí sé tábhachtach ionchur na bpáirtithe leasmhara a fháil sa phróiseas seo. Ceapadh na cuspóirí straitéiseacha bunaithe ar thorthaí phróiseas comhairliúcháin, ar anailís chomhshaoil, ar athbhreithniú ar thaighde náisiúnta agus idirnáisiúnta agus ar fhorbairtí maidir le beartais sheachtracha. In 2012, chuir an Clár na gníomhaíochtaí a bhí beartaithe don bhliain sin i gcrích go rathúil.

An Straitéis Náisiúnta Sláinte Gnéasaí

I mí an Mheithimh 2012, thionscnaigh an Roinn Sláinte Straitéis Náisiúnta Sláinte Gnéasaí le beartas an Rialtais a chur i láthair agus le treo straitéiseach i dtaca le sláinte ghnéasach a sholáthar. Bhí rannpháirtíocht thras-earnála na bpáirtithe leasmhara ó shuíomhanna cliniciúla, ó sheirbhísí líne thosaigh agus ó réimsí an oideachais, an taighde agus cur chun cinn na sláinte i gceist leis an bpróiseas seo. Bhí páirt thábhachtach ag an gClár i bhforbairt cuspóirí náisiúnta straitéiseacha sa réimse seo. Foilseofar an straitéis in 2013.



In 2012, chríochnaigh an Clár an tríú straitéis náisiúnta aige 'Rannpháirtíocht i gcur chuige náisiúnta a chuireann sláinte mhaith ghnéasach, cinnteoireacht bunaithe ar eolas, cleachtais bunaithe ar fhianaise agus rochtain ar sheirbhísí ardcháilíochta chun cinn'.

An tSeachtain Feasachta ar Shláinte Ghnéasach

Is é Coláiste Ríoga na Lianna in Éirinn a d'eagraigh an tSeachtain Feasachta ar Shláinte Ghnéasach. Is fóram náisiúnta í a dhíríonn ar shláinte ghnéasach in Éirinn. Is i mí na Bealtaine 2012 a bhí an tseachtain feasachta agus bhí imeachtaí éagsúla ann a bhain leis an tsláinte ghnéasach, ina measc seoladh taighde ábhartha, ceardlanna faoi STIanna a chóireáil agus a chosc, agus seisiúin iomlánacha faoin aois chomhthoilithe ghnéasaigh. Sheol an Dr. Catherine Conlon agus Joan O'Connor a dtuarascáil ar thaighde ar dhearcthaí neamhnáisiúnach ban de mhionlaigh eitneacha atá ina gcónaí

in Éirinn i leith na torthúlachta, na sláinte gnéasaí agus an mháithreachais. Ba é an Clár a choimisiúnaigh an taighde seo in 2010. Tá an imeacht le bheith ar siúl arís in 2013 agus cuirfidh an Clár cuid den mhaoiniú ar fáil.

Aighneachtaí in 2012

Aighneacht chuig an gComhchoiste Sláinte agus Leanaí ar an gCéad Bhille um Leanaí, 2012

Rinne an Clár aighneacht don Chomhchoiste Sláinte agus Leanaí i gcomhthéacs na bhforbairtí atá idir lámha le stádas reachtaíochta a thabhairt do na treoirlínte cosanta páistí, Tús Áite ag Páistí. Chuir an Clár síos ar na hábhair imní a bhí curtha in iúl ag seirbhísí a bhíonn ag obair le daoine óga maidir leis na ciallachais fhéideartha a bheadh ann dá mbeadh sé éigeantach iompraíochtaí gnéasacha toiliúla ag daoine faoi aois a thuairisciú. Chuir an Clár sonraí ar fáil a bhí bunaithe ar fhianaise agus a bhí ionadaíoch ar an tír uile maidir le hiompar gnéasach ar mhaithe le faisnéis a sholáthar sa réimse seo.

Aighneacht maidir le Páipéar Comhairliúcháin an Choimisiúin Athchóirithe Dlí, 'Coireanna Gnéasacha agus Cumas Comhthoilithe'

Chuaigh an Clár i mbun comhpháirtíochta le hoifigí eile in FSS le haighneacht chomhordnaithe a fhorbairt maidir le ceist an mhíchumais intleachtúil agus comhthoiliú gnéasach. Ar na hoifigí sin bhí an tAonad Náisiúnta Abhcóideachta, an tAonad um Chur Chun Cinn na Sláinte agus na Seirbhísí Páistí agus Teaghlach. Chuir FSS fáilte roimh an aistriú ó dhearcadh cosctha go cur chuige ceartbhunaithe. Moladh tábhachtach a rinneadh ná gur chóir reachtaíocht a fhorbairt maidir le cumas comhthoilithe i dtaca le caidrimh ghnéasacha agus maidir le soláthar oideachais faoi chaidrimh fhóirsteanacha i gcomhthéacsanna ar leith agus faoin ngnéas.



Ord reatha na Seachtaine Feasachta ar Shláinte Ghnéasach, eagraithe ag Coláiste Ríoga na Lianna le tacaíocht ón gClár.

CUSPÓIR STRAITÉISEACH **5**

Aistriú faisnéise agus taighde

Taighde d'ardcháilíocht a chothú agus feidhmiú an taighde atá ann cheana féin agus taighde nua a mhéadú trí straitéis chuimsitheach aistrithe faisnéise a dhíríonn go díreach ar fhorbairtí i mbeartais agus i gcleachtais.



Seo a leanas na príomhghníomhaíochtaí in 2012:

In 2012, lean an Clár ar aghaidh de bheith ag cur lena stór fianaise trí thuarascálacha tábhachtacha taighde a sheoladh agus trí infheistíocht a dhéanamh i dtionscadail nua taighde lena chuspóirí straitéiseacha a ghnóthú. Dhírigh an Clár ar aistriú agus ar dháileadh faisnéise. Thug an Clár tacaíocht freisin le meicníochtaí éifeachtúla luachála a chur i bhfeidhm agus a bhainistiú sa rannóg Maoinithe agus sa rannóg Oideachais agus Faisnéise agus sholáthair sé saineolas taighde do sholáthróirí seirbhísí.

Is é ceann de na róil lárnacha a bhaineann leis an bhfeidhm Taighde agus Beartas monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí iompraíochta a bhaineann lena sainorduithe trí réimse uirlisí agus táscairí tomhais a úsáid.

In 2012, tháinig laghdú ar líon na mban a bhí ag taisteal go dtí an RA le ginmhilleadh a fháil den aonú bliain déag as a chéile. Ó 2001 i leith (an bhliain a bunaíodh an Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime), tá laghdú tagtha ar líon na mban a thugann seoladh in Éirinn i gclinicí ginmhillte sa RA ó 6,673 go 3,982 in 2012. Tá an ráta in aghaidh an mhíle bean tite ó 7.5 in 2001 go 4.0 in 2012.

Tháinig laghdú ar an ráta breitheanna ag máithreacha sna déaga in Éirinn, ó 15 in aghaidh an mhíle in 2011 go 12 in aghaidh an mhíle in 2012. Tá laghdú 47% tagtha ar líon na mbreitheanna ag déagóirí ó bhí 2001 ann. Tá líon na ndéagóirí a théann thar lear le ginmhilleadh a fháil laghdaithe ar 63% sa tréimhse chéanna.

Rátaí ginmhillte maidir le mná in Éirinn 2001-2012



*bunaithe ar líon iomlán na mban 15 - 44 bliain d'aois
** bunaithe ar líon iomlán na mban 15 - 19 mbliana d'aois
*** bunaithe ar líon iomlán na mban 35 - 44 bliain d'aois
Nóta ar fhoinsí sonraí:
Rátaí 2001 – 2004, an RA amháin
Rátaí 2005 – 2010, an RA agus TÉ
Rátaí 2011 – 2012
'Gach aois': an RA agus TÉ. Catagóirí eile aoise: an RA amháin. Níl sonraí aoise ar fáil do TÉ mar gheall ar an líon beag ban.



* bunaithe ar líon iomlán na mban 15 - 19 mbliana

Seoladh an Staidéir ar Fhrithghiniúint agus Toirchis Ghéarchéime in Éirinn – 2010

In 2012, d'fhoilsigh an Clár an Staidéar ar Fhrithghiniúint agus Toirchis Ghéarchéime in Éirinn – 2010 (ICC-2010). Staidéar ar 3,002 duine atá ina gcónaí in Éirinn atá ann agus tá sé ionadaíoch ar dhaoine ar fud na tíre. Ba é an aidhm a bhí ann aithris a dhéanamh ar shuirbhé a rinneadh in 2003 inar tomhaiseadh sonraí bunlíne faoi bhearta tábhachtacha maidir le hiompraíochtaí, dearcthaí agus eolas d'fhonn tionchar obair an Chláir sa tréimhse seacht mbliana a mheasúnú. Tá úsáid bainte as torthaí an dá thuarascáil go leanúnach ag an gClár faoi choinne feachtas agus tionscnamh le líon na dtoircheas géarchéime a laghdú, leis na príomhpháirtithe leasmhara a chur ar an eolas faoi phróifíl an toirchis ghéarchéime in Éirinn, agus le faisnéis a chur ar fáil agus seirbhísí agus beartais á bhforbairt sa réimse sin. Ba é Coláiste Ríoga na Lianna in Éirinn a rinne an staidéar agus ba iad an tOllamh Hannah McGee agus an Dr. Karen Morgan a bhí i gceannas air. Craobhscaoileadh torthaí an staidéir go fairsing ar na príomhpháirtithe leasmhara le linn na bliana.

Seoladh na Tuarascála ar Dhearcthaí Neamhnáisiúnach Ban i leith na Torthúlachta, an Mháithreachais agus Seirbhísí Sláinte Gnéasaí in Éirinn

Mar fhreagairt ar riachtanais na neamhnáisiúnach ban de mhionlaigh eitneacha in Éirinn, choimisiúnaigh an Clár taighde in 2010 a d'fhiosraigh cén dearcadh atá ag mná mar seo atá ina gcónaí in Éirínn agus conas a dhéanann siad cinntí faoin sláinte ghnéasach. Staidéar cainníochtúil is ea é ina raibh breis agus 80 bean páirteach agus seoladh é in 2012 mar chuid den tSeachtain Feasachta ar Shláinte Ghnéasach. Díríonn an staidéar ar cheithre phobal atá mar chuid de phobal na n-imirceach agus na mionlach eitneach in Éirinn – Sínigh, Nigéaraigh, Polannaigh agus Moslamaigh. Ba iad an Dr. Catherine Conlon agus Joan O'Connor a rinne an staidéar. Ag deireadh 2012, forbraíodh straitéis aistrithe faisnéise leis na torthaí a chur in iúl do na príomhpháirtithe leasmhara in 2013.

Taighde le Dearcthaí Ógánach Fir i leith Toirchis Neamhphleanáilte a Fhiosrú

Forbraíodh 'Dá mba mise Jack? Dearcthaí agus cinnteoireacht ag ógánaigh fir maidir le toircheas neamhphleanáilte' faoi Scéim Dhámhachtainí Taighde 2007 an Chláir, agus eisíodh é in 2012. Leis na sonraí a bhailiú, léirigh an fhoireann taighde gearrscannán drámaíochta a dhíríonn ar sheachtain amháin i saol déagóra a n-éiríonn a chailínchara torrach gan choinne. Taispeánadh an scannán do dhaltaí fireanna in iar-bhunscoileanna agus iarradh orthu sraith ceisteanna ról-imeartha a fhreagairt a bhí ceaptha lena dtuairimí agus a bhfreagairtí sa chás ina dtarlódh toircheas neamhpleanáilte dóibh féin a fhiosrú. Tugann na torthaí léargas dúinn ar an dóigh a shíleann ógánaigh a ndéileálfadh siad le toircheas neamhphleanáilte dá dtarlódh sé dóibh. Foireann i Scoil na hAltrachta agus an Chnáimhseachais, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste a rinne an taighde i gcomhar le Coláiste na hOllscoile, BÁC, agus ba í an Dr. Maria Lohan a bhí i gceannas air.

Achoimre ar Thaighde ar Ghéasacht Déagóirí

Mar chuid den tsraith 'Taighde a chur i bhFeidhm', d'athfhorbair an Clár an achoimre taighde aige faoi ghnéasacht déagóirí atá dírithe ar thuismitheoirí agus orthu siúd a bhíonn ag obair le daoine óga. Tá an achoimre taighde comhdhéanta de thorthaí taighde atá curtha i láthair i bhformáid atá furasta a léamh. Is é an aidhm atá ann cuidiú le daoine tuiscint níos fearr a fháil ar dhaoine óga agus ar a ngnéasacht agus caidrimh, lena n-áirítear an dóigh a bhfoghlaimíonn daoine óga faoin ngnéas agus faoi chaidrimh agus na rudaí a imríonn tionchar ar a n-iompar agus ar a bhfoghlaim ghnéasach. Cuirtear síos freisin ar chur chuige tuismitheoirí i leith oideachais ghnéasaigh a bpáistí.

Scéim Comhthaighde na Comhairle um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta/an Chláir Toircheas Géarchéime

In 2012, lean an Clár ar aghaidh lena chomhpháirtíocht leis an gComhairle um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta d'fhonn cómhaoiniú a chur ar fáil do scéim Chomhthionscadail Taighde Rialtas na hÉireann do thaighdeoirí bunaithe. In 2012, bronnadh maoiniú ar an Dr. Saoirse Nic Gabhainn, Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh, faoi choinne taighde ar 'Iompar Ógánach i leith Sláinte Gnéasaí in Éirinn: Sonraí, Dáileadh agus Forbairt'. Is é aidhm an tionscadail seo anailís a dhéanamh ar na táscairí sláinte gnéasaí sa staidéar ó 2010 'Iompar Sláinte Páistí d'Aois Scoile' agus ar tháscairí eile déimeagrafacha, agus anailís thánaisteach a dhéanamh ar tacair shonraí sna cartlanna atá ionadaíoch ar an tír uile. Aidhm eile atá leis an tionscadal bearta nua bailithe sonraí i dtaca le sláinte ghnéasach a fhorbairt agus meicníochtaí fóirsteanacha dáilte a cheapadh le faisnéis a aistriú.

Taighde ar an Murtall agus Toirchis Neamhphleanáilte

De réir a chuspóirí straitéiseacha, choimisiúnaigh an Clár taighde leis an ngaolmaireacht idir murtall, úsáid frithghiniúintí agus éifeachtúlacht fhrithghiniúintí, agus toirchis neamhphleanáilte a fhiosrú. Tá an taighde comhdhéanta d'anailís chainníochtúil ar shonraí sóisialta, déimeagrafacha agus cliniciúla ó bhreis agus 35,000 bean a d'fhreastail ar shuíomh máithreachais idir 2009 agus 2012. Is é aidhm an tionscadail cur le fianaise náisiúnta agus idirnáisiúnta atá ann cheana féin leis an ngaolmhaireacht idir Innéacs ard Corpmhaise (BMI) agus úsáid agus éifeachtúlacht frithghiniúintí a scrúdú. Is é an tOllamh Michael Turner, Ionad Atáirgthe Dhaonna Choláiste na hOllscoile BÁC in Ospidéal na mBan, an Com, atá i gceannas ar an tionscadal seo.

Treoir agus Tacaíocht maidir le Taighde

In 2012, sholáthair an fheidhm Taighde agus Beartas saineolas agus treoir le tacú le dearadh, seachadadh agus bainistiú uirlisí measúnaithe faoi choinne feachtas sláinte poiblí agus seirbhísí maoinithe an Chláir. D'obair an rannóg seo go dlúth leis an rannóg Oideachais agus Faisnéise le cuidiú le measúnú ar an tionscnamh oideachais B4uDecide.ie i suíomhanna obair óige. Mar a tharla sna blianta a chuaigh thart, bhí ról ceannais ag an rannóg i mbainistiú an Olltaighde bhliantúil chun éifeachtúlacht feachtas a thomhas agus chun inchomparáideacht bhliantúil na bpríomh-mhéadrach a éascú. Thug an rannóg tacaíocht do chuid mhaith de na seirbhísí atá maoinithe ag an gClár trí threoir agus aiseolas a thabhairt ar thuarascálacha éagsúla taighde agus measúnaithe.

Ag Tacú le Cuspóirí Straitéiseacha an Chláir

Ag Tacú le Cuspóirí Straitéiseacha an Chláir

Is iad seo a leanas na príomhghnéithe a bheidh de dhíth leis an rún agus na huaillmhianta atá i bplean straitéiseach an Chláir a chur i bhfeidhm. Níl siad in ord faoi leith:

- Maoiniú Fóirsteanach
- Foireann CPP agus Acmhainní Inmheánacha
- Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha agus Táirgthe
- Stór Fianaise Éireannaí a bheith ar fáil
- Cumarsáid agus Dáileadh Éifeachtach

Chuir an Clár roinnt tionscadal tábhachtach i gcrích faoi gach réimse agus rinneadh dul chun cinn suntasach le linn na bliana.

Maoiniú Fóirsteanach

Rinneadh roinnt leasuithe ar bhuiséad an Chláir le blianta beaga anuas, rud a tharla do gach clár de chuid FSS.

Le linn na bliana, rinne an Clár cinnte de a chuid caiteachais a bhainistiú de réir chórais airgeadais FSS agus tuairiscí beachta a chur chuig na rannóga cuí Airgeadais in FSS. D'fhorbair an Clár Plean Gnó bliantúil, i gcomhairle le bainisteoirí líne, agus tá sraith cuspóirí sonraithe agus táscairí feidhmíochta luaite ann atá bunaithe ar an Straitéis. Bíonn an Clár ag cur tuarascálacha isteach de réir an Phlean Gnó ó thaobh airgeadais agus feidhmiú tionscadal de le linn na bliana agus arís ag deireadh na bliana. Bíonn an Clár ag cur cleachtas measúnaithe i bhfeidhm go leanúnach i ngach clár oibre agus déanann sé monatóireacht orthu. Leanann sé leis ag déanamh monatóireachta ar tháscairí agus ar staitisticí i dtaca le leitheadúlacht toircheas géarchéime agus ginmhillte.

Chinntigh an Clár go raibh a chleachtais maoinithe ag teacht le Creat Rialachais FSS maidir le Maoiniú Seirbhísí Neamhreachtúla. Rinne an Clár é sin trí athbhreithniú a dhéanamh ar na Comhaontuithe atá aige i dtaca le Deontais i gCabhair agus ar na Comhaontuithe Seirbhíse aige, agus trí athbhreithnithe leanúnacha ar mheasúnaithe curtha isteach ag soláthróirí seirbhísí de réir na dtéarmaí ina gcomhaontuithe. Mar chuid d'fhorbairt leanúnach phróisis agus ghnáthaimh mhaoinithe an Chláir, chuir an Clár feabhsuithe cáilíochta i bhfeidhm bunaithe ar thorthaí ó cheistneoirí faoi rialachas féinmheasúnaithe. Dáiltear na ceistneoirí seo ar gach soláthróir seirbhíse atá ag fáil deontas bliantúil ón gClár atá níos mó ná an tairseach riachtanach, agus caithfidh siad iad a líonadh. Rinne an Clár monatóireacht chúramach freisin ar an dóigh a bhfuil an maoiniú a chuirtear ar fáil tríd an gClár Maoinithe á chaitheamh. Tá comhaontuithe maidir le deontais déanta ag an gClár le níos mó ná 30 eagraíocht. I ngach comhaontú tá riachtanais shonraithe tuairiscithe a chuimsíonn tuairisciú ar chúrsaí airgeadais, staitisticí agus cáilíocht le hais príomhtháscairí feidhmíochta agus spriocanna comhaontaithe seirbhíse. Déantar monatóireacht ar thorthaí ar bhonn ráithiúil.

Faigheann an Clár maoiniú ón Rialtas trí FSS agus déanann sé iarracht i gcónaí a chinntiú go bhfuil sé cuntasach maidir lena mhaoniú agus go dtugann sé luach ar airgead dá chuid páirtithe leasmhara. Mar a tharla san am a chuaigh thart, d'ullmhaigh an Clár buiséid shonraithe le ligint dó monatóireacht chúramach a dhéanamh ar a chaiteachas le linn na bliana. Rinne an clár tuarascálacha rialta airgeadais freisin, cinn inmheánacha agus cinn eile d'fhoireann Airgeadais FSS. Lean an Clár leis ag bainistiú a chonarthaí tráchtála go rathúil trí athbhreithnithe leanúnacha feidhmíochta agus trí mhonatóireacht ar luach ar airgead maidir leis na conarthaí seo. Déanann an Clár iarracht a chinntiú go bhfuil a phróisis soláthair de réir phróisis soláthair FSS agus réimsí a aimsiú inar féidir a bheith níos éifeachtúla as siocair úsáid a bhaint as conarthaí nó soláthróirí atá ag FSS cheana féin. D'obair an Clár go leanúnach lena chostais riaracháin a laghdú trí chonarthaí leis an bpraghas is fearr a shocrú agus saineolas inmheánach a úsáid go hiomlán lena chinntiú go mbeadh cion na gcostas riaracháin réasúnta i gcónaí i gcomparáid leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil.

Tá leibhéal cuí maoinithe de dhíth má tá an Clár le leanúint leis a bheith ag tacú le feidhmiú clár náisiúnta maoinithe agus le hobair na bhfeidhmeanna uile eile de réir a chuspóirí straitéiseacha.

Foireann CPP agus Acmhainní Inmheánacha

Cuireann Straitéis 2012–2016 leis an obair atá déanta ag an gClár (agus le hobair na Gníomhaireachta a bhí ann roimhe) ó bunaíodh é in 2001. Mar thoradh air sin, tá an clár oibre uaillmhianach ach ní bheifear in ann é a chur i bhfeidhm ach amháin sa chás ina gcoinnítear an struchtúr foirne (mar a bhí i mí Eanáir 2011) agus an saineolas inmheánach sa Chlár ar feadh saol na Straitéise. Mar gheall ar na deacrachtaí leanúnacha eacnamaíochta agus an moratóir ar earcaíocht, lean an Clár leis ag plé le ceisteanna acmhainní, le hathdháileadh ról agus freagrachtaí agus le daingniú a chuid oibre.

Is é aidhm an Chóras Forbartha um Bainistiú Feidhmíochta tacaíocht a thabhairt don fhoireann agus táirgiúlacht a uasmhéadú agus san am céanna a chinntiú go mbíonn cuspóirí na bhfostaithe nasctha le Straitéis an Chláir. Déantar é sin trí phróifílí do na róil aonair a fhorbairt agus iad a bheith ag teacht go docht le cuspóirí na Straitéise agus an Phlean Gnó bliantúil. Déanann an Clár iarracht a chinntiú go gcuirtear beartais agus gnáthaimh Acmhainní Daonna FSS in iúl go soiléir don fhoireann agus go dtuigeann gach duine iad.

Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha agus Táirgthe

Ó bunaíodh an Clár, tá roinnt comhpháirtíochtaí tábhachtacha straitéiseacha tionscnaithe aige le réimse leathan páirtithe leasmhara chun cuidiú lena chéile cuspóirí a chéile a bhaint amach. Aithníonn an Clár ról lárnach na gcomhpháirtíochtaí le rannóga éagsúla in FSS, le réimse eagraíochtaí reachtúla agus deonacha agus le Rannóga Stáit i bhfeidhmiú a chuid cuspóirí straitéiseacha. Cinntíonn na comhpháirtíochtaí go gcuirtear taithí agus cumais na n-eagraíochtaí, bíodh siad reachtúil nó deonach, le chéile le spriocanna i gcoitinne a bhaint amach.

Ar na príomhpháirtithe oibre in 2012 bhí:

- Earnáil na cógaisíochta – ar an bhfeachtas le hinfhaighteacht frithghiniúintí ó chógaslanna i gcásanna éigeandála a chur chun cinn.
- Aontas na Mac Léinn in Éirinn – ar thionscnaimh nua sláinte gnéasaí do choláistí, mar shampla an Seó Bóthair um Oideachas Sláinte Gnéasaí.

- An Chomhairle um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta – le taighde a bhaineann le sainorduithe an Chláir a choimisiúnú.
- Cur Chun Cinn na Sláinte ag FSS – le fóram malartaithe faisnéise a bhunú maidir le cur chun cinn sláinte gnéasaí agus obair oideachais.
- Coláiste Liachleachtóirí na hÉireann – ar threoir do Dhochtúirí Ginearálta maidir le toirchis ghéarchéime a bhainistiú.
- Roinn an Oideachais Aosach agus Pobail, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad ar chúrsa Teastais agus ar Mháistir-ranganna.

Infhaighteacht Stór Leanúnach Fianaise as Éirinn

Tá an Clár aitheanta as an gcur chuige atá aige i leith a chuid oibre, an obair sin a bheith bunaithe ar fhianaise. Ní acmhainn é an stór fianaise nach dtiocfaidh athrú air. Bíonn tiomantas leanúnach de dhíth le go mbeidh obair an Chláir agus na réimsí tosaíochta bunaithe ar fhianaise. In 2012, lean an Clár leis ag cur leis an stór fianaise trí thuarascálacha tábhachtacha taighde a sheoladh agus trí infheistíocht a dhéanamh i dtionscadail nua taighde d'fhonn a chuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.

Cumarsáid agus Dáileadh Éifeachtach

As siocair go bhfuil ról oideachais agus ardú feasachta ag an gClár, tá bealaí agus modhanna éifeachtúla cumarsáide ag teastáil lena chinntiú go gcuirtear na teachtaireachtaí cearta in iúl do na daoine sin a bhfuil siad dírithe orthu. In 2012, bhain an Clár úsáid as réimse leathan bealaí agus suíomhanna agus d'fhorbair sé straitéisí nuálacha lena theachtaireachtaí a chur in iúl go héifeachtach do na daoine cearta.

Mar shampla, baineadh úsáid as greamáin fuinneoige, as póstaeirí agus as bileoga i gcógaslanna le hinfhaighteacht frithghiniúintí éigeandála ó chógaslánna a fhógairt; cuireadh póstaeirí i gcoláistí, i dtithe tábhairne agus i gclubanna le teachtaireachtaí an fheachtais a chur in iúl do na daoine sin a raibh siad dírithe orthu. Maidir le feachtas 'Think Contraception', baineadh úsáid as urraíocht teilifíse, fógraíocht sráide, póstaeirí, fógraí digiteacha, naisc sna meáin agus an carachtar Johnny a d'fhreastail ar imeachtaí agus a bhí gníomhach ar líne le linn na bliana.

Aguisíní

Aguisín 1: Cód Eiticí

Is é cúspóir an Chód Eiticí seo na prionsabail atá mar bhunús le cinnteoireacht Chlár Toircheas Géarchéime FSS, i bhfianaise a fhreagrachtaí i leith na ngrúpaí éagsúla a bhaineann leis, a chur in iúl. Tá na prionsabail seo mar bhunús leis na gcinnteoireacht maidir le forbairt tionscadal agus maoiniú, agus tacaíocht dóibh, agus maidir le taighde an Chlár Toircheas Géarchéime (taighde maoinithe ag an gClár san áireamh). Bíonn na prionsabail mar chuid den chreat tagartha nuair a bhíonn moltaí do mhaoiniú á measúnú.

Agus é i mbun oibre, agus nuair a bheidh sé ag tacú le hobair daoine eile, déanfaidh an Clár an méid seo a leanas:

- léireoidh sé meas ar na mná atá ag déileáil le toircheas géarchéime agus ní thabharfaidh sé breithiúnas ar bith maidir leis na roghanna a dhéanann siad;
- léireoidh sé meas ar neamhspleáchas ban agus ar a gceart ar phríobháideachas (de réir shrianta an dlí);
- beidh gach réimse dá chuid oibre bunaithe ar thaighde iontaofa agus ar an dea-chleachtas;
- déanfaidh sé iarracht obair i gcomhar le gníomhaireachtaí atá ag plé leis an réimse céanna;
- déanfaidh sé iarracht beartais a chur chun cinn a léiríonn meas ar na heispéiris agus ar na dearcthaí éagsúla atá ann ar an gceist seo;
- tabharfaidh sé tacaíocht do ghníomhaireachtaí:
    - a mbíonn cur chuige gairmiúil acu nuair a bhíonn comhairle, oideachas agus eolas á gcur ar fáil acu don phobal;
    - a thugann eolas iomlán dá gcliaint faoi éiteas na heagraíochta;
    - a chuireann cinnteoireacht bunaithe ar fhaisnéis chun cinn sa chás ina mbíonn ceisteanna maidir le toirchis ghéarchéime agus cúrsaí sláinte gnéasaí á réiteach;
    - a bhaineann úsáid as taighde iontaofa agus modhanna freagracha monatóireachta agus measúnaithe le cuntasacht agus an dea-chleachtas a chinntiú;
    - a oibríonn le comhionannas rochtana agus cáilíochta do chliaint a chur chun cinn;
    - a chuireann cliaint ar aghaidh chuig eagraíochtaí eile nuair nach bhfuil an fhaisnéis ná an tseirbhís atá de dhíth ar an gcliant ar fáil.

Aguisín 2:

Baill an Ghrúpa Chomhairligh

An Dr. Anne Marie McGauran	(Cathaoirleach), Anailíseoir Sinsearach, An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta
Alison Begas	Príomhfheidhmeannach agus ionadaí Well Woman BÁC
An tUrr. Daniel Nuzum	Ionadaí Easpaig Eaglais na hÉireann
Ursula Byrne	Oifigeach Oideachais agus ionadaí an Bhord Altranais
Frances Byrne	Stiúrthóir agus ionadaí OPEN
Bridget Collins	Ionadaí Pavee Point agus na dTaistealaithe
An Dr. Miriam Daly	Liachleachtóir agus ionadaí Choláiste Liachleachtóirí na hÉireann
Sherie de Burgh	Stiúrthóir Comhairleoireachta agus ionadaí One Family
Jessica Dempsey	Oifigeach Preasa agus Cumarsáide, ionadaí Chomhlachais Tráchtála na hÉireann agus Fostóirí
Róisín Dermody	Ball de Ghrúpa Oibre na mBan faoi Mhíchumas agus ionadaí ar dhaoine atá faoi mhíchumas
Margot Doherty	Leas-POF agus ionadaí Threoir, an Chódhnaidhm Náisiúnta Seirbhísí do Thuismitheoirí Neamhphósta agus dá bPáistí
Catherine Duffy	Speisialtóir Pleanála Náisiúnta agus ionadaí ar Primary Care, FSS an Iarthair
Tríona Fitzpatrick	Oibrí Sóisialta agus ionadaí Chumann Chúramóirí Altramais na hÉireann
Louise Graham	Comhordnaitheoir Náisiúnta agus ionadaí CURA
Fergus Hogan	Léachtóir in Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge agus ionadaí maidir le sláinte na bhfear
Julie Kerins	Oibrí Sóisialta Sinsearach, Cúnamh, agus ionadaí Chomhairle Ghníomhaireachtaí Uchtála na hÉireann
Brenda Kneafsey	Comhordnaitheoir Líonra Tacaíochta Aftercare agus ionadaí IAYPIC
Anne Maree Quinn	Ionadaí Chomhdháil Easpagóideach na hÉireann
Helen McMillan	Ionadaí Institiúid an Chnáimhseachais agus na Gínéiceolaíochta
Denise McCarthy	Oifigeach Leasa agus ionadaí Aontas na Mac Léinn in Éirinn
Siobhán Brennan	Oifigeach Sinsearach Tionscadal, an Clár Náisiúnta Sláinte Óige agus ionadaí Chomhairle Náisiúnta Óige na hÉireann
Frances Shearer	Comhordnaitheoir Náisiúnta OCG agus ionadaí na hEarnála Oideachais
Rose Tully	Ionadaí Chomhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí – Iarbhunscolaíocht
Alwiye Xuseyn	Oifigeach Sláinte Tionscadal agus ionadaí AkiDwA

Aguisín 3:

Baill foirne nach raibh ina bpost níos mó ag deireadh na bliana

Bhí an Dr Stephanie O'Keeffe mar Stiúrthóir suas go dtí mí Iúil 2012.
Bhí Mary Smith ina hOifigeach Taighde suas go dtí mí Feabhra 2012.

Aguisín 4: Seirbhísí Tacaíochta

Comhairleoireacht Toirchis Ghéarchéime

Tá comhairleoireacht toirchis ghéarchéime atá maoinithe ag an Stát ar fáil saor in aisce i mbreis agus 50 ionad ar fud na tíre. Le liosta a fháil de na heagraíochtaí a thairgeann comhairleoireacht toirchis ghéarchéime saor in aisce, gan bhreithiúnas, is féidir cuairt a thabhairt ar Positiveoptions.ie nó téacs leis an bhfocal 'LIST' a chur saor in aisce chuig 50444.

Seirbhísí Cúram Iar-Ghinmhillte

Le heolas a fháil faoi na seirbhísí comhairleoireachta agus míochaine iar-ghinmhillte atá maoinithe ag an gClár, is féidir cuairt a thabhairt ar Abortionaftercare.ie nó téacs leis an bhfocal 'AFTERCARE' a chur saor in aisce chuig 50444.

Eolas ar Fhrithghiniúintí

Is acmhainn chuimsitheach é Thinkcontraception.ie ina bhfuil eolas idirghníomhach le fáil ar fhrithghiniúintí, ar shláinte ghnéasach, ar an torthúlacht agus ar ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha (STIanna). Tá quiz ann freisin faoi shláinte ghnéasach.

Acmhainní do Thuismitheoirí

Tá roinnt acmhainní forbartha ag an gClár le cuidiú le tuismitheoirí eolas fóirsteanach a chur ar fáil dá bpáistí faoi chaidrimh agus faoin ngnéas:

- 'Busy Bodies'- DVD agus leabhrán do thuismitheoirí páistí 10 mbliana go 14 bliana d'aois. Is féidir le tuismitheoirí cóip a ordú tríd an bhfocal 'GNÓTHACH' agus a n-ainm agus a seoladh a théacsáil, saor in aisce, chuig 50444.
- 'You Can Talk To Me'- DVD agus leabhrán do thuismitheoirí páistí 11 bhliain go 15 bliana d'aois. Is féidir le tuismitheoirí cóip a ordú tríd an bhfocal 'TUISMITHEOIR' agus a n-ainm agus a seoladh a théacsáil, saor in aisce, chuig 50444.
- 'Tips for Talking to Older Teenagers'- Forlíonadh do thuismitheoirí déagóirí níos sine. Is féidir le tuismitheoirí cóip a ordú tríd an bhfocal 'LABHAIR' agus a n-ainm agus a seoladh a théacsáil, saor in aisce, chuig 50444.
- B4uDecide.ie – suíomh gréasáin do dhéagóirí agus dá dtuismitheoirí ina bhfuil quizeanna, suirbhéanna agus agallaimh físe le daoine óga faoi chaidrimh shláintiúla a dhéanamh agus faoina bheith ag déileáil le piarbhrú. Tá rannán ar an suíomh dar teideal 'The Facts' ina bpléitear aois an chomhthoilithe, frithghiniúintí, STIanna agus toirchis ghéarchéime.
- 'The Facts' – DVD do thuismitheoirí déagóirí 15 bliana go 17 mbliana d'aois – tá eolas ann ar an torthúlacht, ar fhrithghiniúintí, ar STIanna agus ar thoirchis ghéarchéime. Is féidir le tuismitheoirí cóip a ordú tríd an bhfocal 'FÍRICÍ' agus a n-ainm agus a seoladh a théacsáil, saor in aisce, chuig 50444.

Suíomh Gréasáin an Chlár Toircheas Géarchéime

Tá faisnéis chuimsitheach faoi thoirchis ghéarchéime ar Crisispregnancy.ie. Cuirtear taighde, preasráitis agus eolas nua air go rialta.

4ú hUrlár
89-94 Sráid Capel
Baile Átha Cliath 1

www.crisispregnancy.ie
info@crisispregnancy.ie

Guthán: 353 1 814 6292
Facs: 353 1 814 6282

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive

crisispregnancyprogramme